[Higher Education Institution]

2021

# Annual Quality Report (Gaelchultúr)
# Reporting Period 2020-2022

[Higher Education Institution]

2021

# Annual Quality Report (Gaelchultúr)

## PART A: INTERNAL QA SYSTEM

## Reporting Period 2020-2022

# PREFACE

The **Annual Quality Report** (**AQR;** formerly AIQR) forms part of Quality and Qualifications Ireland's (QQI) quality assurance (QA) framework of engagement with Higher Education Institutions (HEIs). The AQR provides documentary evidence of the development and evolution of each institution's internal quality system. It provides QQI with assurance that internal QA procedures have been established and are being implemented consistent with regulatory requirements.

The AQR, particularly part A, should assist with **document management** in the institutional review process and will facilitate institutions in providing review teams with procedural QA documentation in preparation for the external review process. It is an important part of the evidence base considered by external **review teams** as part of QQI's CINNTE cycle of institutional reviews, demonstrating that the institution's internal QA system is aligned with QQI's Core and relevant Sector- and Topic-specific Statutory QA Guidelines, and with the European Standards and Guidelines for Quality Assurance in the European Higher Education Area 2015 (ESG). It enables the review team to satisfy itself of compliance with these requirements for the purpose of the institutional review process.

Each AQR is **published in full on QQI's website**, providing transparency on the HEIs' assurance and enhancement of quality to external stakeholders. (As such, institutions should ensure that their submissions do not contain any data that they consider to be commercially sensitive.) Collectively, the AQRs comprise a single national repository of quality assurance practice in Irish higher education institutions.

Each year, QQI produces a synthesis report of the key themes highlighted across the AQRs, primarily arising from Part B of the reports.

# CONTENTS

PREFACE 3

Guidelines on Completing the Report 6
Links to Reference Documents Cited in this Template 7

PART A: INTERNAL QA SYSTEM 8
Table 1 Mapping of ESG (2015) to QQI QA Guidelines (QAG) 8

Introduction and Overview of Institution 9
1.0 Internal QA Framework 12
Tríd síos i gcuid A, níl aon athrú ábhartha ar bheartais agus nósanna imeachta Ghaelchultúir ó 3 Nollaig 2020, nuair a d'fhaomh QQI ateagmháil Ghaelchultúir. 12
1.1 Governance and Management of Quality 12
1.2 Linked Providers, Collaborative and Transnational Provision 15

2.0 Programme Development and Delivery 16
2.1 Programme Development and Approval 16
2.2 Admission, Progression, Recognition & Certification 19
2.3 Procedures for Making Awards 19
2.4 Teaching, Learning and Assessment 19

3.0 Learner Resources and Support 21
4.0 QA of Research Activities and Programmes 21
5.0 Staff Recruitment, Development and Support 21
6.0 Information and Data Management 21
7.0 Public Information and Communication 22
8.0 Monitoring and Periodic Review 22
9.0 Details of Arrangements with Third Parties 23
9.1 Arrangements with PRSBs, Awarding Bodies, QA Bodies 23
9.2 Collaborative Provision 23
9.3 Articulation Agreements 23

PART B: INTERNAL QA SYSTEM 25

Guidelines on Completing Part B 25
1.0 Quality Implementation and Developments 26
1.1 Strategic QA Updates 26
1.2 Update on Planned QA Objectives identified in Previous AQR 28
1.3 Governance and Management 31

1.4 Internal Monitoring and Review 33

**2.0 IQA System – Enhancement and Impacts 36**

2.1 Initiatives within the Institution related to Academic Integrity 40

**3.0 QA Improvement and Enhancement Plans for Upcoming Reporting Period 50**

3.1 QA and QE supporting the Achievement of Strategic Objectives 50

3.2 Reviews planned for Upcoming Reporting Periods – Aug 21-Aug 22 51

3.2.1 Reviews planned for Next Reporting Period – Lúnasa 2021- 2022 51

3.2.2 Reviews planned beyond Next Reporting Period 51

**4.0 Additional Themes and Case Studies 52**

# Guidelines on Completing the Report

The AQR is aligned with QQI's Core, Sector and Topic-specific Statutory Quality Assurance Guidelines and with the ESG (2015). A mapping of the ESG to QQI Core QA Guidelines is included in Table 1 below; the structure of Part A of this report template aligns with the first column of the table. Additional guidance on completing this template and reference material is included in each section. Institutions should adhere to this guidance and have regard to QQI Core, Sector and Topic-specific Statutory Quality Assurance Guidelines. **The guide text within each section should be deleted before submission of the report.**

## Submission Process and Timeline

The deadline for submission of the AQR each year is in February of the relevant year, with the call for submission sent to institutions in November of the preceding year. Once the call for submission has been made, QQI will provide access to QQI's provider portal, QHub, to the designated institution contact(s) to facilitate submission of the report. Through QHub, each institution will have access to an editable version of its AQR for the previous reporting period. This document can then be amended/updated to reflect any changes or developments that occurred during the current reporting period before submitting the final report to QQI.

## Completing the AQR

- When completing the AQR template, all relevant colleagues in the institution should be consulted.
- Consider whether external audiences will be able to understand the terminology used (particularly local abbreviations and acronyms); it may be helpful to include a glossary.
- Aim to avoid duplication in the report – where information is relevant to more than one section, the first mention may be referenced in subsequent sections.
- Provide reflections on what worked well, but also what may have been tried but did not work.

## Report Structure

## Part A: Internal QA System

Part A of the AQR comprises a record of each institution's current QA policies and procedures and should provide links to those policies and procedures. Private HEIs may provide links to the policies and procedures approved by QQI during initial access to validation (IAV) or reengagement. It is the responsibility of each HEI to ensure before submission of the AQR that all links are correct and functional, and that the policies and procedures referred to are the most up-to-date versions available. Given that the AQR is submitted in respect of a discrete reporting period, it may be helpful for institutions to establish a SharePoint/OneDrive folder (or similar) for each reporting period that contains the current versions of their policies and procedures, and that hyperlinks to these versions of the documents be provided in the AQR

Part A is to be completed only if there have been **material** changes to QA policies and procedures during the reporting period. Such changes may include the approval and implementation of new polices or procedures, or significant amendments to existing ones.

## Part B: Quality Assurance (QA) and Quality Enhancement (QE)

Part B of the AQR documents and captures QA activities, developments and enhancements undertaken by institutions **during the reporting period** and their **impact**. Insofar as is possible, institutions should demonstrate in Part B how plans set out in the previous AQR were progressed during the reporting period – these may be plans linked to strategic objectives, to reengagement advices, or to institutional review recommendations.

### Case Studies

In each reporting period, QQI may request updates on specific thematic areas or may invite the institution to submit case studies in response to specific topics. Further, institutions may include case studies to share good practice on topics of their choosing, demonstrating QA and QE in action. In formulating case studies, institutions are encouraged to reflect on and highlight areas that may be of interest to other institutions and would benefit from wider dissemination. Further guidance is provided in Part B.

# Links to Reference Documents Cited in this Template[1]

## Legislation

- Qualifications and Quality Assurance (Education and Training) Act 2012 (as amended)
- Regional Technical Colleges Act 1992 (as amended)
- Technological Universities Act 2018
- Universities Act 1997

## QQI Documents

### Statutory QA Guidelines (QAG)

- Core QAG
- Sector-specific QAG for Independent/Private Providers
- Sector-specific QAG for Designated Awarding Bodies
- Sector-specific QAG for Institutes of Technology
- Topic-specific QAG for Providers of Statutory Apprenticeship Programmes
- Topic-specific QAG for Providers of Research Degree Programmes
- Topic-specific QAG for Blended Learning

### Other QQI Policy Documents

- QQI's Policy for Collaborative Programmes, Transnational Programmes, and Joint Awards, 2012
- QQI's Code of Practice for Provision of Programmes of Education and Training to International Learners, 2015
- QQI Policy Restatement on Access, Transfer and Progression, 2015

## Other National/International References

- European Standards and Guidelines for Quality Assurance in the European Higher Education Area (2015)
- IHEQN Guidelines on Collaborative Provision
- National Policy Statement on Ensuring Research Integrity in Ireland
- Ireland's Framework of Good Practice for Research Degree Programmes, 2019
- HEA National Framework for Doctoral Education
- The Salzburg Principles
- The Salzburg II Recommendations
- SOLAS Code of Practice for Employers and Apprentices
- UN Sustainable Development Goals

[1] These links will be updated as further guidance documents are published.

# PART A: INTERNAL QA SYSTEM

**Table 1**

**Table 1 Mapping of ESG (2015) to QQI QA Guidelines (QAG)**

| AQR Part A Section | QQI QAG Core Sub-section No. | QAG Core Sub-section Title | ESG Standard No. | ESG Standard Title |
|---|---|---|---|---|
| **1.0** - *Internal QA Framework* | **2.1** | Governance and Management of Quality | 1.1 | Policy for Quality Assurance |
| | **2.2** | Documented Approach to Quality Assurance | | |
| **2.0** - *Programme Development and Delivery* | **2.3** | Programmes of Education and Training | 1.2 | Design and Approval of Programmes |
| **4.0** - *QA of Research Activities and Programmes* | | | | |
| **8.0** - *Monitoring and Periodic Review* | | | 1.9 | On-going Monitoring and Periodic Review of Programmes |
| **5.0** - *Staff Recruitment, Development and Support* | **2.4** | Staff Recruitment, Management and Development | 1.5 | Teaching Staff |
| **2.3** - *Teaching, Learning and Assessment* | **2.5** | Teaching and Learning | 1.3 | Student-centred Teaching, Learning and Assessment |
| | **2.6** | Assessment of Learners | | |
| **3.0** - *Learner Resources and Supports* | **2.7** | Supports for learners | 1.6 | Learning Resources and Student Support |
| **6.0** - *Information and Data Management* | **2.8** | Information and Data Management | 1.7 | Information Management |
| **7.0** - *Public Information and Communication* | **2.9** | Public Information and Communication | 1.8 | Public Information |
| **2.0** - *Programme Delivery and Development* | **2.10** | Other Parties Involved in Education and Training | 1.9 | On-going Monitoring and Periodic Review of Programmes |
| **8.0** - *Monitoring and Periodic Review* | | | | |
| **9.0** - *Details of Arrangements with Third Parties* | | | 1.2 | Design and Approval of Programmes |
| **2.0** - *Programme Development and Delivery* | **2.11** | Self-evaluation, Monitoring and Review | 1.9 | On-going Monitoring and Periodic Review of Programmes |
| **8.0** - *Monitoring and Periodic Review* | | | 1.10 | Cyclical External Quality Assurance |
| | | | | |
| **4.0** - *QA of Research Activities and Programmes* | QAG for Providers of Research Degree Programmes | | | |

# Introduction and Overview of Institution

This is the AQR for **Gaelchultúr** for the reporting period **1 September 2020 – 31 August 2021.**

The AQR has been approved by **an Fhoireann Cáilíochta** and is submitted by **Eimear Ní Chinnéide.**

Bunaíodh Gaelchultúr in 2004 agus is ceannairí margaidh muid ó thaobh acmhainní foghlama agus teagaisc Gaeilge a sholáthar. Is é an cuspóir atá againn ná seirbhísí den chéad scoth a sholáthar le foghlaimeoirí agus cainteoirí líofa Gaeilge araon a spreagadh chun a gcuid eolais ar an teanga a fheabhsú. Is Institiúid bheag speisialaithe í Gaelchultúr a fhreastalaíonn ar riachtanais oiliúna baill foirne san earnáil phoiblí agus don éileamh náisiúnta agus idirnáisiúnta ar aistritheoirí agus ar shainscríbhneoirí agus sainchainteoirí Gaeilge.
Cuirimid cúrsaí creidiúnaithe agus neamhchreidiúnaithe ar fáil ar fud na hÉireann, a mhúineann ár líonra de theagascóirí cumasacha, agus tugann ár suíomh gréasáin ríomhfhoghlama, ranganna.com, deis d'fhoghlaimeoirí ar fud an domhain caighdeán níos airde Gaeilge a bhaint amach. Mar a shonraítear inár nÉiteas, glactar le gach cohórt foghlaimeoirí i nGaelchultúr, agus freastalaítear trí scóip ár gcuid clár ar fhoghlaimeoirí Gaeilge ag gach leibhéal.

Tá Gaelchultúr ag obair i gcomhar le QQI le cúrsaí creidiúnaithe atá ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí a chur ar fáil ó bhí 2012 ann. Tá cúrsaí creidiúnaithe á dtairiscint againn ó leibhéal 3 suas go leibhéal 9 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí agus, le trí bliana anuas, theistigh Gaelchultúr breis agus 300 foghlaimeoir sa bhliain ar dhámhachtainí QQI.

Is é Gaelchultúr an t-aon institiúid tríú leibhéal Gaeilge ar domhan atá faoi úinéireacht phríobháideach agus bronnadh an stádas sin ar an institiúid i mí Iúil 2013. Cuireadh tús leis an gcéad chúrsa tríú leibhéal de chuid Choláiste na hÉireann/Ghaelchultúir, an Dioplóma Iarchéime san Aistriúchán (DISA), i mí Mheán Fómhair 2013. Is é an clár seo, atá ar leibhéal 9 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) agus a mhaireann trí sheimeastar, an cúrsa Gaeilge dá leithéid is mó a bhfuil tóir air in Éirinn. Tá an Dioplóma Iarchéime san Aistriúchán bainte amach ag 93 foghlaimeoir go dtí seo.

Tá an-tóir ar an Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil (TGG) chomh maith agus tá an cúrsa creidiúnaithe seo, atá ar fáil sa seomra ranga agus mar chúrsa iomlán ar líne araon, á reáchtáil ag Gaelchultúr ó bhí 2012 ann. Mar gheall ar an éileamh ard a bhí ar an TGG ag Leibhéal 3, 4 agus 5, rinne Gaelchultúr an cúrsa a bhailíochtú ag Leibhéal 6 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí sa bhliain 2016 agus tá an TGG á reáchtáil againn go rathúil ag Leibhéil 3-6 ó bhí mí Mheán Fómhair na bliana sin ann. I mí Lúnasa 2021, chuir Gaelchultúr iarratas isteach chuig QQI chun an TGG a thairiscint ag Leibhéal 2 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí chomh maith.

In 2017, d'éirigh le Gaelchultúr i gcomórtas soláthair a reáchtáil rialtas na hÉireann agus anois is é Gaelchultúr an t-aon eagraíocht amháin a sholáthraíonn oiliúint i nGaeilge do na ranna rialtais. Tá an TGG críochnaithe ag beagnach 2,000 foghlaimeoir ó cuireadh tús leis in 2012.

Bíonn an-éileamh ar chúrsaí neamhchreidiúnaithe Ghaelchultúir freisin agus is iad na ranganna oíche, an Dianchúrsa Ullmhúcháin i gCruinneas na Gaeilge, agus cúrsaí EPV ar líne do mhúinteoirí bunscoile na cúrsaí is mó tóir i measc chúrsaí neamhchreidiúnaithe na hInstitiúide. Thug breis agus 400 foghlaimeoir faoi ranganna oíche na hInstitiúide in 2019, thug breis agus 30 foghlaimeoir faoin Dianchúrsa Ullmhúcháin i gCruinneas na Gaeilge, agus thug breis agus 600 múinteoir faoinár gcúrsaí EPV ar ranganna.com an bhliain seo caite. Tá na mílte foghlaimeoir in Éirinn agus ar fud an domhain tar éis páirt a ghlacadh i bhfoghlaim na Gaeilge linn trínár gcúrsaí oíche neamhchreidiúnaithe, trí na cúrsaí Gaeilge ar líne a chuirimid ar fáil ar ár n-ardán ríomhfhoghlama, ranganna.com, agus trínár sraith leabhar Gaeilge gan Stró! chomh maith.

Cuireann Gaelchultúr cúrsaí breisoideachais agus ardoideachais ar fáil a ndéanann Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) bailíochtú agus creidiúnú orthu. Tá cáilíochtaí ag Leibhéil 2, 3, 4, 5, 6 agus 9 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí á dtairiscint ag Gaelchultúr. Tá an Institiúid, i gcomhar leis an bhforas cáiliúcháin, tiomanta i gcónaí do chláir a fhorbairt laistigh agus lasmuigh dá sainchúram reatha maidir le soláthar cúrsaí.

Sa bhliain 2020, thug Gaelchultúr faoin phróiseas ateagmhála le QQI. Mar chuid den phróiseas sin, d'éirigh linn córas cuimsitheach éifeachtach i dtaca le dearbhú cáilíochta a chur le chéile a bheadh ag teacht le dea-chleachtais náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus a bheadh fite fuaite i ngníomhachtaí na hInstitiúide.

Tá na beartais agus na nósanna imeachta seo á gcur i bhfeidhm againn ó shin i leith agus, mar chuid den athbhreithniú bliantúil seo, tá súil siar caite againn ar ghníomhaíochtaí na hinstitiúide le bliain anuas lena chinntiú go bhfuil gníomhaíochtaí laethúla na hinstitiúide ag teacht leis na nósanna imeachta agus beartais atá againn sa lámhleabhar dearbhaithe cáilíochta. Ba phróiseas fiúntach é seo agus tá áthas orainn go bhfuil na córais seo á gcur i bhfeidhm go héifeachtach.

**Próiseas chun an tAthbhreithniú Cáilíochta Bliantúil (AQR) a Fhorbairt agus a Fhaomhadh**

Baineadh úsáid as an bpróiseas seo a leanas chun an tAthbhreithniú Cáilíochta Bliantúil (AQR) seo a chur le chéile don tréimhse 1 Meán Fómhair 2020 go dtí 31 Lúnasa 2021, an bhliain acadúil 2020-21.

Cinntíonn na modhanna atá ag Gaelchultúr chun aiseolas a bhailiú, mar atá sainithe sa Lámhleabhar Dearbhaithe Cáilíochta, go mbailítear eolas go rialta chun déileáil le ceisteanna a thagann chun cinn agus/nó chun feabhsuithe a chur i bhfeidhm.

Seo thíos cuid de modhanna a úsáidtear chun aiseolas a bhailiú:

- Suirbhéanna rialta ó mhic léinn agus ó theagascóirí;

- Suirbhéanna deireadh cláir;

- Tagarmharcáil a dhéanamh le cláir/soláthraithe eile (nuair is féidir) mar chuid d'fhorbairt clár nua agus d'athbhailíochtú clár;

- Teagmháil leanúnach idir foghlaimeoirí agus teagascóirí;

- Struchtúr an Choláiste agus na línte tuairiscithe ann;

- Cruinnithe foirne rialta (a choinnítear taifead díobh);

- Monatóireacht agus athbhreithniú seachtrach ag QQI agus a phainéil saineolaithe ábhair.

Cuirtear aiseolas fíorthábhachtach ar fáil i dtuarascálacha an Fhíordheimhnitheora Sheachtraigh agus an Scrúdaitheora Sheachtraigh lena n-áirítear moltaí le haghaidh feabhsuithe agus coinnítear taifead dá gcuid moltaí mar aon le haiseolas ó mhic léinn sna tuarascálacha bliantúla maidir le dearbhú cáilíochta. Baintear úsáid as an aiseolas seo chun pleananna feabhsaithe cáilíochta a dhréachtú de réir mar is cuí.

Mar sin, is féidir le Gaelchultúr taifead a choinneáil de na moltaí go léir a rinneadh agus na feabhsuithe a cuireadh i bhfeidhm nó atá le cur i bhfeidhm ar bhealach an-éifeachtach.

Mar chuid den Athbhreithniú Cáilíochta Bliantúil a chuir an Fhoireann Cáilíochta le chéile, bailíodh an t-aiseolas seo go léir le chéile agus scaipeadh an dréacht-tuarascáil ar an gComhairle Acadúil (AC) sula gcuirtear faoi bhráid QQI í. Tar éis do Ghaelchultúr an tuarascáil a chur isteach agus aiseolas a fháil ó QQI, foilseofar an Athbhreithniú Cáilíochta Bliantúil ar shuíomh gréasáin an Choláiste agus féadfar cruinniú a shocrú ina dhiaidh sin le QQI chun aiseolas agus moltaí a fháil le haghaidh an phróisis tuairiscithe amach anseo.

# 1.0 Internal QA Framework

Tríd síos i gcuid A, níl aon athrú ábhartha ar bheartais agus nósanna imeachta Ghaelchultúir ó 3 Nollaig 2020, nuair a d'fhaomh QQI ateagmháil Ghaelchultúir.

## 1.1 Governance and Management of Quality

Sonraítear córais rialachais agus bainistíochta cáilíochta i gCuid 2 (1 & 2) den lámhleabhar dearbhaithe cáilíochta faoi theideal: (1) Rialachas agus Bainistíocht Cáilíochta agus (2) Cur Chuige Doiciméadaithe um Dhearbhú Cáilíochta. Is mian le Gaelchultúr Teoranta a chinntiú go bhfuil dearbhú cáilíochta éifeachtach i bhfeidhm laistigh den Choláiste agus déanann sé a dhícheall nósanna imeachta rialachais a sholáthar ina léirítear go trédhearcach agus go soiléir na freagrachtaí uile laistigh den eagraíocht.


| **Caibidil sa lámhleabhar dearbhaithe cáilíochta faofa ag QQI mar chuid den phróiseas ateagmhála in 2020** | **Nasc** | **Leathanach** | **Athruithe ábhartha curtha i bhfeidhm agus faofa le linn an tréimhse 2020/2021** |
|---|---|---|---|
| Cuid 2 1.1 Beartas Rialachais | Nasc | 6 | Athrú ábhartha ar bith |
| Cuid 2 1.2 Foghrúpaí a Roghnú | Nasc | 8 | Athrú ábhartha ar bith |
| Cuid 2 1.3 Téarmaí Tagartha agus Róil agus Freagrachtaí | Nasc | 9 | Athrú ábhartha ar bith |
| Cuid 2 1.4 Bainistíocht Riosca san Eagraíocht | Nasc | 14 | Athrú ábhartha ar bith |
| Cuid 2 1.5 Bainistiú ar Dhearbhú Cáilíochta agus Cultúr Cáilíochta a Leabú | Nasc | 21 | Athrú ábhartha ar bith |
| Cuid 2 2.1 2.1 Beartais agus Nósanna Imeachta Doiciméadaithe: Córas Cuimsitheach | Nasc | 32 | Athrú ábhartha ar bith |
| Cuid 2 2.2 Beartas Tagarmharcála | Nasc | 38 | Athrú ábhartha ar bith |
| Cuid 2 2.6 Monatóireacht agus Athbhreithniú | Nasc | 47 | Athrú ábhartha ar bith |

## Córas Dearbhaithe Cáilíochta

Tá Córas Dearbhaithe Cáilíochta forbartha ag Gaelchultúr ina soláthraítear creat don Institiúid ar féidir linn oibriú laistigh de agus a chuidíonn linn ár misean agus ár n-éiteas a bhaint amach. Tá an córas sin léirithe go fisiúil i ngraf atá le feiceáil i mír 5B den lámhleabhar seo.

Rinne an Institiúid féinmheastóireacht dhian ar a Córas Dearbhaithe Cáilíochta le linn phróiseas ateagmhála QQI agus mar gheall air sin, agus le cúnamh ó shaineolaí Dearbhaithe Cáilíochta, chruthaigh an Institiúid Córas Dearbhaithe Cáilíochta den chéad scoth agus tá sé á chur i bhfeidhm againn. Cruthaíodh an Córas Dearbhaithe Cáilíochta mar chóras inoibrithe agus speisialaithe atá oiriúnach do raon feidhme Ghaelchultúir ó thaobh soláthair, méide agus éagsúlacht tráchtála de.

*Léaráid 5B. Córas Dearbhaithe Cáilíochta*





### An Timthriall Feabhsúcháin Cáilíochta

Is éard atá sa Timthriall Feabhsúcháin Cáilíochta thíos ná sraith de na gníomhaíochtaí idirnasctha seo a leanas lena gcinntítear cur chuige sistéamach i leith feabhsú leanúnach cáilíochta na ngníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna agus na seirbhísí gaolmhara:

- an obair a phleanáil
- an obair a dhéanamh
- anailís a dhéanamh ar an obair (féinmheastóireacht agus meastóireacht sheachtrach)
- Plean Feabhsúcháin Cáilíochta a fhorbairt
- monatóireacht leanúnach (Bearta Feidhmíochta)

*Léaráid 1B: An Timthriall Feabhsúcháin Cáilíochta*




### Forbairt Beartais

Tá céimeanna éagsúla ann nach mór a leanúint agus beartas nua á fhorbairt. Tá cur síos ar na céimeanna sin le fáil thíos agus i léaráid 2A:

1. Gá le beartas a aithint
2. Beartas a dhréachtú
3. Beartas a fhaomhadh
4. Beartas a chur i bhfeidhm agus a fhoilsiú (de réir mar is cuí)
5. Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar bheartas.

*Léaráid 2A: Céimeanna le tógáil agus beartas á fhorbairt*




### Monatóireacht agus Athbhreithniú ar Dhearbhú Cáilíochta

D’fhonn cáilíocht na gclár agus na seirbhísí a sholáthraímid a chinntiú, cuirimid córas monatóireachta agus athbhreithnithe chuimsithigh i bhfeidhm agus déanaimid féinmheastóireacht thréimhsiúil. Úsáidtear cur chuige timthriallach leanúnach chun monatóireacht a dhéanamh ar bheartais na hInstitiúide, arb é an aidhm atá le feabhsúchán leanúnach cáilíochta a chur i bhfeidhm.

Is éard atá i gceist sa chur chuige timthriallach seo ná bearna a aithint; pleanáil feabhsúcháin agus forbairt; faomhadh; cur i bhfeidhm; meastóireacht agus athbhreithniú.

*Léaráid 2B: Timthriall Faireacháin agus Athbhreithnithe*



## 1.2 Linked Providers, Collaborative and Transnational Provision

Ní bhíonn Gaelchultúr Teoranta ag comhoibriú le hinstitiúid nó eagras eile a chomhlíonann an rannóg seo. Is mian le Gaelchultúr a chinntiú i gcónaí go ndéantar ár gcláir go léir a sheachadadh go comhsheasmhach agus faoi scáth ár mbeartas agus ár nósanna imeachta go léir. Má chinneann Gaelchultúr ar an dara soláthraí a fhostú chun clár ceadaithe a sheachadadh, tá beartas forbartha chuige sin.

| **Caibidil sa lámhleabhar dearbhaithe cáilíochta faofa ag QQI mar chuid den phróiseas ateagmhála in 2020** | **Nasc** | **Leathanach** | **Athruithe ábhartha curtha i bhfeidhm agus faofa le linn an tréimhse 2020/2021** |
|---|---|---|---|
| Cuid 2 10.2 Comhpháirtíochtaí Seachtracha agus Dara Soláthraithe | Nasc | 207 | Athrú ábhartha ar bith |

# 2.0 Programme Development and Delivery

## 2.1 Programme Development and Approval

Chun a chinntiú go bhfuil gach clár nua ar ardchaighdeán, bainimid úsáid as cur chuige córasach maidir le dearadh, forbairt agus faomhadh gach cúrsa nua. Cuimsítear sa phróiseas foriomlán seo taighde, comhairliúchán le páirtithe leasmhara, measúnú riachtanas, forbairt cláir, agus faomhadh inmheánach agus seachtrach.

Tá Gaelchultúr tiomanta don chleachtas is fearr i ndearadh, i bhforbairt agus i bhfaomhadh/i mbailíochtú clár. Cinntímid go ndéantar gach clár nua a dhearadh agus a fhorbairt de réir na rialachán agus na dtreoirlínte atá leagtha amach ag an bhforas cáiliúcháin, QQI, agus cinntímid go léirítear ár ráiteas misin agus ár bhfís i ngach clár. Níl aon athrú ábhartha tar éis teacht ar na nósanna imeachta tar éis dúinn faomhadh a fháil ó QQI ar ár gcóras dearbhaithe cáilíochta, mar chuid den phróiseas ateagmhála, ar an 3 Nollaig 2020. De bharr srianta COVID, b'éigean do Ghaelchultúr Teoranta modh seachadta cuid de na cláir a athrú ó ranganna aghaidh-ar-aghaidh sa seomra ranga go ranganna aghaidh-ar-aghaidh trí bhogearraí físchomhdhála ar nós Zoom/WebEx a úsáid. De bharr go raibh *Beartas 3.14 Beartas um Fhoghlaim Chumaisc agus um Fhoghlaim Ar Líne* i bhfeidhm cheana féin agus in úsáid ag Gaelchultúr Teoranta, Tá taithí fhairsing ag Gaelchultúr sa teagasc ar líne agus tá infheistíocht mhór déanta ag an gColáiste thar na blianta i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm a bheartais maidir leis an bhfoghlaim chumaisc. Chuige sin, bhí infreastruchtúr TF réidh agus an tacaíocht theicniúil sheachtrach socraithe ag an gColáiste nuair a bhuail géarchéim Covid-19 an domhan. Bhí sé indéanta aistriú gasta agus éifeachtach a dhéanamh ón bhfoghlaim sa seomra ranga go dtí an fhoghlaim ar líne agus féachfar ar athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas sin sa chéad athbhreithniú cáilíochta eile.

| Caibidil sa lámhleabhar dearbhaithe cáilíochta faofa ag QQI mar chuid den phróiseas ateagmhála in 2020 | Nasc | Leathanach | Athruithe ábhartha curtha i bhfeidhm agus faofa le linn an tréimhse 2020/2021 |
|---|---|---|---|
| Cuid 2 3.7 Forbairt agus Faomhadh Clár | Nasc | 69 | Athrú ábhartha ar bith |
| Cuid 2 3.8 Measúnú ar Riachtanais an Chláir | Nasc | 71 | Athrú ábhartha ar bith |
| Cuid 2 3.9 Dearadh Cláir | Nasc | 73 | Athrú ábhartha ar bith |
| Cuid 2 3.10 Faomhadh Cláir | Nasc | 75 | Athrú ábhartha ar bith |
| Cuid 2 3.11 Sreabhchairt maidir le Forbairt Cláir agus Faomhadh Cláir | Nasc | 77 | Athrú ábhartha ar bith |
| Cuid 2 3.12 Pleanáil Cláir | Nasc | 78 | Athrú ábhartha ar bith |
| Cuid 2 3.13 Soláthar Cláir | Nasc | 79 | Athrú ábhartha ar bith |
| Cuid 2 3.14 Beartas um Fhoghlaim Chumaisc agus um Fhoghlaim Ar Líne | Nasc | 81 | Athrú ábhartha ar bith |
| Cuid 2 3.15 Monatóireacht agus Athbhreithniú | Nasc | 88 | Athrú ábhartha ar bith |

## Dearadh Cláir

Tá Gaelchultúr tiomanta don chleachtas is fearr i ndearadh ár gcuid clár. Cinntítear mar gheall air seo go bhfreastalaítear inár gcuid clár ar riachtanais ár bhfoghlaimeoirí ionchasacha, go bhfuil siad ag teacht le treoirlínte an fhorais cáiliúcháin, agus go gcloíonn siad le caighdeáin náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Bímid i dteagmháil le páirtithe leasmhara éagsúla agus ár gcuid clár á bhforbairt againn agus cuirtear an t-aiseolas seo san áireamh agus ár gcuid glár á ndearadh againn. Déanaimid ár gcláir nua a dhearadh go cúramach lena chinntiú go bhfreastalaítear i struchtúr gach cláir, sna modhanna soláthair agus sna measúnaithe ar riachtanais ár bhfoghlaimeoirí ionchasacha, go gcomhlíontar na torthaí foghlama riachtanacha go léir, go gcuirtear ar chumas ár bhfoghlaimeoirí dul ar aghaidh chuig cláir eile agus go gcuidítear leo teacht i dtír ar dheiseanna nua fostaíochta. I *Léaráid 3C*, tugtar breac-chuntas ar chúinsí tábhachtacha is gá a mheas mar chuid den phróiseas deartha cláir.


*Léaráid 3C: Dearadh Cláir*




## Faomhadh Cláir

Leanann Gaelchultúr nósanna imeachta dochta chun cláir nua a fhaomhadh agus a bhailíochtú go hoifigiúil. Cinntítear dá bharr seo go bhfuil gach clár ar ardchaighdeán, go bhfuil siad indéanta agus go gcomhlíontar na torthaí foghlama iontu, agus go ndéantar iad a sheiceáil agus a fhaomhadh go hinmheánach sula gcuirtear faoi bhráid an fhorais cáiliúcháin iad lena mbailíochtú. Tá achoimre le feiceáil i *Léaráid 3D* ar phróiseas foriomlán bailíochtaithe an chláir.


*Léaráid 3D: Faomhadh Cláir*



**Forbairt Cláir agus Faomhadh Cláir**

Léirítear i *Léaráid 3.11* an sreabhchairt maidir le Forbairt Cláir agus Faomhadh Cláir

3.11 Sreabhchairt maidir le Forbairt Cláir agus Faomhadh Cláir



## 2.2 Admission, Progression, Recognition & Certification

Tá na nósanna imeachta maidir le Rochtain, Aistriú & Dul Chun Cinn Foghlaimeoirí ag teacht le treoirlínte QQI sa cháipéis *QQI Policy Restatement on Access, Transfer and Progression (2015)*. Níor tháinig aon athrú ábhartha chun cinn le linn na tréimhse 2020/2021.

| **Caibidil sa lámhleabhar dearbhaithe cáilíochta faofa ag QQI mar chuid den phróiseas ateagmhála in 2020** | **Nasc** | **Leathanach** | **Athruithe ábhartha curtha i bhfeidhm agus faofa le linn an tréimhse 2020/2021** |
|---|---|---|---|
| Cuid 2 3.1 Rochtain, Aistriú & Dul Chun Cinn Foghlaimeoirí | Nasc | 48 | Athrú ábhartha ar bith |
| Cuid 2 3.2 Rochtain agus Iontrálacha: Faisnéis d'Fhoghlaimeoirí | Nasc | 50 | Athrú ábhartha ar bith |
| Cuid 2 3.3 Beartas Iontrála Foghlaimeoirí | Nasc | 51 | Athrú ábhartha ar bith |
| Cuid 2 3.4 Dul chun cinn an Fhoghlaimeora | Nasc | 56 | Athrú ábhartha ar bith |
| Cuid 2 3.5 Aitheantas Réamhfhoghlama (ARF) | Nasc | 58 | Athrú ábhartha ar bith |

## 2.3 Procedures for Making Awards

Sonraítear i gCuid 2 Measúnú ar Fhoghlaimeoirí den lámhleabhar dearbhaithe cáilíochta na nósanna imeachta bhaineann le próiseas measúnaithe a chur i bhfeidhm atá comhsheasmhach trasna an bhoird le go mbeidh foghlaimeoirí in ann a gcuid spriocanna foghlama a bhaint amach. Luaitear go sonrach i mbeartas 6.1.7 Fíorú Inmheánach go bhfuil sé mar chuspóir a chinntiú go bhfuil an próiseas measúnaithe curtha i gcrích de réir bheartais agus nósanna imeachta Ghaelchultúir agus go gcloíonn sé le beartas de chuid QQI, 'Assessments and Standards, Revised 2013'.

| **Caibidil sa lámhleabhar dearbhaithe cáilíochta faofa ag QQI mar chuid den phróiseas ateagmhála in 2020** | **Nasc** | **Leathanach** | **Athruithe ábhartha curtha I bhfeidhm agus faofa le linn an tréimhse 2020/2021** |
|---|---|---|---|
| Cuid 2 6. Measúnú ar Fhoghlaimeoirí | Nasc | 122 | Athrú ábhartha ar bith |

## 2.4 Teaching, Learning and Assessment

Ní raibh aon athrú ábhartha ar nósanna imeachta a bhaineann le múinteoireacht, foghlaim nó measúnú le linn 2020/2021. Cé go raibh ar Ghaelchultúr bogadh ar líne don léachtóireacht aghaidh ar aghaidh le linn COVID, bhí beartas (3.14) i bhfeidhm agus in úsáid cheana féin chuige sin.

| **Caibidil sa lámhleabhar dearbhaithe cáilíochta faofa ag QQI mar chuid den phróiseas ateagmhála in 2020** | **Nasc** | **Leathanach** | **Athruithe ábhartha curtha i bhfeidhm agus faofa le linn an tréimhse 2020/2021** |
|---|---|---|---|
| Cuid 2 5. Teagasc agus Foghlaim | Nasc | 106 | Athrú ábhartha ar bith |
| Cuid 2 6. Measúnú ar Fhoghlaimeoirí | Nasc | 122 | Athrú ábhartha ar bith |
| Cuid 2 3.14 Beartas um Fhoghlaim Chumaisc agus um Fhoghlaim Ar Líne | Nasc | 81 | Athrú ábhartha ar bith |

## 3.0 Learner Resources and Support

Tá na nósanna imeachta a bhaineann le hacmhainní agus tacaíocht d'fhoghlaimeoirí sonraithe sa tábla thíos. Níor tháinig aon athrú ábhartha ar na nósanna imeachta le linn 2020/2021.

| Caibidil sa lámhleabhar dearbhaithe cáilíochta faofa ag QQI mar chuid den phróiseas ateagmhála in 2020 | Nasc | Leathanach | Athruithe ábhartha curtha i bhfeidhm agus faofa le linn an tréimhse 2020/2021 |
|---|---|---|---|
| Cuid 2 5. Teagasc agus Foghlaim | Nasc | 106 | Athrú ábhartha ar bith |
| Cuid 2 7. Tacaíocht d'Fhoghlaimeoirí | Nasc | 146 | Athrú ábhartha ar bith |
| Cuid 2 8.2 Córas Faisnéise Foghlaimeoirí | Nasc | 159 | Athrú ábhartha ar bith |
| Cuid 2 9.2 Fáisnéis d'Fhoghlaimeoirí | Nasc | 189 | Athrú ábhartha ar bith |

## 4.0 QA of Research Activities and Programmes

Níl nósanna imeachta ag Gaelchultúr a bhaineann le gníomhaíochtaí agus cláir taighde.

| Caibidil sa lámhleabhar dearbhaithe cáilíochta faofa ag QQI mar chuid den phróiseas ateagmhála in 2020 | Nasc | Leathanach | Athruithe ábhartha curtha i bhfeidhm agus faofa le linn an tréimhse 2020/2021 |
|---|---|---|---|
| n/bh | n/bh | n/bh | n/bh |

## 5.0 Staff Recruitment, Development and Support

Níor tháinig aon athrú ábhartha ar na nósanna imeachta a bhaineann le hearcaíocht, forbairt ná tacaíocht don fhoireann le linn 202/2021. Bhí dúshláin le sárú le linn COVID agus an fhoireann ag obair ó chian ach d'éirigh le Gaelchultúr na dúshláin sin a shárú.

| Caibidil sa lámhleabhar dearbhaithe cáilíochta faofa ag QQI mar chuid den phróiseas ateagmhála in 2020 | Nasc | Leathanach | Athruithe ábhartha curtha i bhfeidhm agus faofa le linn an tréimhse 2020/2021 |
|---|---|---|---|
| Cuid 2 4. Earcaíocht, Bainistíocht agus Forbairt Foirne | Nasc | 89 | Athrú ábhartha ar bith |

## 6.0 Information and Data Management

Cé nach raibh aon athrú ábhartha ar bhainistíocht sonraí agus faisnéise le linn na tréimhse 2020/2021, rinne Gaelchultúr cinneadh go mbeadh freastalaí an chomhlachta ar fáil sa 'scamall'. Chabhraigh an t-athrú mór seo

le slándáil agus rochtain a thabhairt d'fhostaithe agus iad ag obair ó chian. Tá eolas breise maidir leis na forbairtí breise a rinneadh sa réimse seo le feiceáil i gCuid B, mír 2.0 thíos.

| **Caibidil sa lámhleabhar dearbhaithe cáilíochta faofa ag QQI mar chuid den phróiseas ateagmhála in 2020** | **Nasc** | **Leathanach** | **Athruithe ábhartha curtha i bhfeidhm agus faofa le linn an tréimhse 2020/2021** |
|---|---|---|---|
| Cuid 2 8. Bainistíocht Sonraí agus Faisnéise | Nasc | 157 | Athrú ábhartha ar bith |

## 7.0 Public Information and Communication

Le linn 2020/2021 b'éigean do Ghaelchultúr iarracht níos mó a dhéanamh a straitéis faisnéise digití a threisiú mar gheall ar phaindéim COVID-19 agus foghlaimeoirí ag obair ó chian den chuid is mó.

| **Caibidil sa lámhleabhar dearbhaithe cáilíochta faofa ag QQI mar chuid den phróiseas ateagmhála in 2020** | **Nasc** | **Leathanach** | **Athruithe ábhartha curtha i bhfeidhm agus faofa le linn an tréimhse 2020/2021** |
|---|---|---|---|
| Cuid 2 9. Faisnéis agus Cumarsáid | Nasc | 187 | Athrú ábhartha ar bith |

## 8.0 Monitoring and Periodic Review

Sonraítear i gcaibidil 11 na nósanna imeacht a bhaineann le monatóireacht agus athbhreithniú tréimhsiúil. Níor tháinig aon athrú ábhartha le linn na tréimhse 202/2021.

| **Caibidil sa lámhleabhar dearbhaithe cáilíochta faofa ag QQI mar chuid den phróiseas ateagmhála in 2020** | **Nasc** | **Leathanach** | **Athruithe ábhartha curtha i bhfeidhm agus faofa le linn an tréimhse 2020/2021** |
|---|---|---|---|
| Cuid 2 11. Féinmheastóireacht, Monatóireacht agus Athbhreithniú | Nasc | 209 | Athrú ábhartha ar bith |

# 9.0 Details of Arrangements with Third Parties

## 9.1 Arrangements with PRSBs, Awarding Bodies, QA Bodies

| Type of arrangement | Total Number |
|---|---|
| PRSBs | 0 |
| Awarding bodies | 0 |
| QA bodies | 0 |

## 9.2 Collaborative Provision

| Type of arrangement | Total Number |
|---|---|
| Joint research degrees | 0 |
| Joint/double/multiple awards | 0 |
| Collaborative programmes | 0 |
| Franchise programmes | 0 |
| Linked providers (DABs only) | 0 |

## 9.3 Articulation Agreements

| | |
|---|---|
| **Articulation agreements - Total number** | **0** |

# Annual Quality Report (Institution)

# PART B: INTERNAL QUALITY ASSURANCE ENHANCEMENT & IMPACT

## Reporting Period 2020-2022

# PART B: INTERNAL QA SYSTEM

## Guidelines on Completing Part B

As outlined in the general guidelines for this template (p.5), **Part B** of the AQR documents and captures QA activities, developments and enhancements undertaken by institutions **during the reporting period** and their **impact**.

Insofar as is possible, institutions should demonstrate in Part B how plans set out in the previous AQR submission were progressed during the reporting period – these may be plans linked to strategic objectives, to reengagement advices, or to institutional review recommendations.

Part B of the AQR is an opportunity for self-reflection and critical evaluation of the effectiveness of QA activities over the reporting period. Institutions are encouraged to reflect both on what worked well and what did not work well, and to consider impact measures, using both quantitative and qualitative evidence (metrics, benchmarks and feedback/judgement) in how they led to specific QA improvements and enhancement.

Part B provides evidence of quality improvement and enhancement and impact[2] of QA activities within the totality of an institution's QA system.

**Section 1** pertains to internal quality assurance implementation and developments since the previous reporting period.

**Section 2** deals with institutional analysis of IQA enhancements and impacts including activities undertaken in respect of academic integrity, and the enhancements and impacts resulting from same.

**Section 3** relates to IQA developments and plans for the next reporting period.

**Section 4** provides an opportunity for institutions to illustrate IQA in action through case studies in relevant thematic areas.

Institutions are invited, if they wish to do so, to use case studies to demonstrate quality in action and to highlight areas of practice for dissemination at any point in this part of the report.

**Case Studies**

QQI recommends that written case studies should:
- Be between half a page and two pages in length;
- Relate to a specific time- and subject-bound issue;
- Include an introduction that sets out a brief overview of contextual matters;
- Include any relevant supporting data and data analysis;
- Include links to any sources cited;
- Include a clear concluding paragraph with overview of key outcomes/learning.

Although case studies will generally be in written form, institutions may also provide links to audio-visual/multimedia case studies. QQI does not prescribe a format for case studies.

[2] The National Forum for the Enhancement of Teaching and Learning in Higher Education have considered impact and measures leading to development and improvement specifically in terms of teaching and learning. See: https://www.teachingandlearning.ie/wp-content/uploads/NF-2020-Insights-from-Practice-About-Impact-in-Teaching-and-Learning-web-ready.pdf.This is a very useful reference, though impact in the context of this report should be considered

# 1.0 Quality Implementation and Developments

## 1.1 Strategic QA Updates

**Spriocanna Straitéiseacha Ghaelchultúir**

Seo a leanas spriocanna straitéiseacha an Choláiste atá bailí do thréimhse an athbhreithnithe agus a raibh na feabhsuithe cáilíochta ag teacht leo:

- Córas Dearbhaithe Cáilíochta a fhorbairt atá oiriúnach do raon feidhme Ghaelchultúir
- Monatóireacht agus Féinmheasúnú a dhéanamh ar an gCóras Nua
- Cuir le scóip soláthair an Choláiste agus bailíochtú a dhéanamh ar Leibhéál 2 den Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil

**Feabhsuithe Cáilíochta**

Ar an 8 Meán Fómhair 2020, cuireadh foireann Ghaelchultúir faoi agallamh agus cuireadh córas dearbhaithe cáilíochta an Choláiste faoi scrúdú ag painéal neamhspleách a d'ainmnigh Quality Qualifications Ireland (QQI) mar chuid d'iarratas Ghaelchultúr ar an ateagmháil.

Mar chuid den phróiseas sin, thug Gaelchultúr faoi na tascanna seo a leanas:

- Athbhreithniú ar bheartais agus nósanna imeachta an Choláiste;
- Bearnaí suntasacha sa chóras a shainaithint;
- Riachtanais dearbhaithe cáilíochta Ghaelchultúir a shainaithint;
- Córas úrnua Dearbhaithe Cáilíochta a dhearadh agus a fhorbairt.

Mar atá luaite thuas agus mar chuid den chéim dheireanach, chuir Gaelchultúr, le cúnamh ó shaineolaí seachtrach, córas úrnua dearbhaithe cáilíochta le chéile. Cruthaíodh an córas mar chóras inoibrithe agus speisialaithe atá oiriúnach do raon feidhme Ghaelchultúir ó thaobh soláthair, méide agus éagsúlacht tráchtála de. Cinntíodh le linn chur le chéile an chórais go raibh an córas ag teacht le ceanglais reachtúla an Achta um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012, agus an Achta um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) (Leasú, 2019,) agus leis na treoirlínte ina dhiaidh sin a d'fhoilsigh QQI in 2016.

Baineann beartais agus nósanna imeachta Ghaelchultúir le gníomhaíochtaí oiliúna breisoideachais agus ardoideachais agus tá sé mar aidhm straitéiseach ag an gColáiste go bhfuil cur chuige iomlánaíoch ann i leith cáilíochta agus faoi mar a shainítear i mír 1.5 de Lámhleabhar Dearbhaithe Cáilíochta (LDC) Ghaelchultúir. Tá dearbhú cáilíochta, mar choincheap, fite fuaite i gcultúr an Choláiste agus ina shamhail ghnó chun ardchaighdeán agus comhsheasmhacht na seirbhísí a chuirimid ar fáil a chinntiú agus chun cur le sástacht ár bhfoghlaimeoirí.

B'aistear fiúntach fóinteach é an ateagmháil agus d'éirigh leis an gColáiste córas cuimsitheach éifeachtach i dtaca le dearbhú cáilíochta a chur le chéile sa deireadh atá ag teacht le dea-chleachtais náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus atá fite fuaite i ngníomhachtaí an Choláiste.

I dtuarascáil eatramhach an phainéil, moladh seacht n-athrú a chur i bhfeidhm i gcóras dearbhaithe cáilíochta Ghaelchultúir agus tugadh sé seachtaine don Choláiste na hathruithe sin a chur i bhfeidhm. Cuireadh i bhfeidhm na hathruithe sin agus faomhadh córas dearbhaithe cáilíochta Ghaelchultúir ar an 7 Nollaig, 2020.

Ó shin i leith, tá an córas á chur i bhfeidhm ag an gColáiste agus tá féinscrúdú á dhéanamh air le cinntiú go bhfuil sé oiriúnach don fheidhm. Cinntíonn an Fhoireann Cáilíochta pleanáil agus forbairt leanúnach i dtaca le cáilíocht mar aon le cinnteoireacht shoiléir agus an obair a dhéantar dá barr, agus cuireann siad maoirseacht ar chórais mheastóireachta ar fáil agus i bhfeidhm. Beidh Plean Feabhsaithe Cáilíochta ann mar thoradh ar na scrúduithe sin ach ní dhearnadh athrú ar bith ar ábhar an chórais go dtí seo.

### Feabhsuithe Eile i dTaca le Raon Soláthair

Bhí sé mar sprioc ag Gaelchultúr scóip an tsainchúraim reatha maidir le soláthar cúrsaí a leathnú. Nuair a faomhadh Córas Dearbhaithe Cáilíochtaí Ghaelchultúir i mí na Nollag 2020, bhí cáilíochtaí ag Leibhéal 3, 4, 5, 6 agus 9 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí á dtairiscint ag an gColáiste.

I mí Lúnasa 2021, chuir Gaelchultúr iarratas isteach chuig QQI chun bailíochtú a dhéanamh ar chlár ag Leibhéal 2 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Freagra réamhghníomhach ba ea é ar an riachtanas foghlaimeora a bhí ag foghlaimeoirí Ghaelchultúir, mar aon le riachtanas breise traenála a bheadh ag na heagraíochtaí stáit agus iad ag iarraidh a ndualgas earcaíochta faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021 a chomhlíonadh. Faoi mar a léiríodh i gCuid A, bhí struchtúr uileghabhálach maidir le Dearbhú Cáilíochta forbartha ag an gColáiste a chinntigh gur cuimsíodh taighde, comhairliúchán le páirtithe leasmhara, measúnú riachtanas agus faomhadh inmhéanach agus seachtrach i bpróiseas forbartha foriomlán an chláir sin. Rinneadh Leibhéal 2 den Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil a fhorbairt faoi stiúir QQI ós rud é nach raibh cúrsa teanga ag an leibhéal sin den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí bailíochtaithe ná faofa ag QQI roimhe sin. Bhí ceithre chruinniú idir Gaelchultúr agus QQI agus trí chruinniú idir Gaelchultúr agus saineolaí seachtrach dearbhaithe cáilíochta a chinntigh go raibh taighde agus ullmhúchán cúramach cóir déanta agus iarratas Ghaelchultúir á chur le chéile.

## 1.2 Update on Planned QA Objectives identified in Previous AQR

Is fiú a lua gurb é seo an chéad uair do Ghaelchultúr tabhairt faoi Athbhreithniú Cáilíochta Bliantúil (AQR) ó faomhadh córas dearbhaithe cáilíochta nua an Choláiste i mí na Nollag 2020, agus ní fhéadfaí spriocanna ón Athbhreithniú deireanach a lua sa tábla thíos dá bharr sin. I gcaitheamh na tréimhse atá faoi scrúdú san Athbhreithniú seo (1 Meán Fómhair 2020 - 30 Lúnasa 2021) bhí Gaelchultúr fós i lár an phróisis ateagmhála le QQI, agus bhí córas dearbhaithe nua cáilíochta an Choláiste fós le faomhadh.

Seo thíos spriocanna agus moltaí chun feabhais a tháinig chun cinn mar chuid den anailís ar bhearnaí a rinne Gaelchultúr ar an gcóras dearbhaithe cáilíochta nua i mí Aibreáin 2020.

| No. | **Planned objectives (Previous AQR)**<br>Note: Include reference to the relevant section of the preceding AQR, where applicable | **Update on Status**<br>Provide brief update on status, whether completed or in progress.<br>If an action was planned in the previous AQR, but not completed, provide reasons/short reflections for the delay/non-completion. |
|---|---|---|
| 1 | Aitheantas Réamhfhoghlama a chur i bhfeidhm | Tá beartas ag an gColásite agus é le feiceáil i mír 3.5 de LDC Ghaelchultúir. Is gá é a chur i bhfeidhm go fóill ach ceaptar go mbeidh baint aige seo leis an gclár ag leibhéal 9, an Dioplóma Iarchéime san Aistriúchán (DISA), den chuid is mó. Beidh athbhailíochtú an DISA le cur i gcrích le linn 2022 agus beifear in ann athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas maidir le hAitheantas Réamhfhoghlama mar chuid den phróiseas sin. |
| 2 | Freastal níos fearr a dhéanamh ar fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta | Tá an sprioc seo bainte amach go pointe.<br>Tá cúrsaí neamhchreidiúnaithe Ghaelchultúir ag freastal ar fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta an Choláiste faoi láthair, agus i mí na Bealtaine 2021, thairg Gaelchultúr cúrsa iomlán a bhí dírithe ar fhoghlaimeoirí Mheiriceá agus Cheanada den chéad uair.<br>Níl Gaelchultúr ag freastal ar fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta ina chuid cúrsaí creidiúnaithe, áfach. Beidh Gaelchultúr ag glacadh ballraíochta san eagraíocht EAQUALS, a dhéanann maoirseacht Eorpach ar cháilíocht agus caighdeán na n-institiúidí oideachais a mbíonn said ag plé leo. Mar chuid den phróiseas creidiúnaithe sin, tabharfar aghaidh ar mhapáil oifigiúil a dhéanamh ar chúrsaí creidiúnaithe Ghaelchultúir ar an CEFR. Tá súil ag Gaelchultúr críoch a chur leis an bpróiseas creidiúnaithe sin faoi dheireadh na bliana 2022 agus go mbeidh sé de chumas againn freastal |

| | | |
|---|---|---|
| | | níos fearr a dhéanamh ar fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta ina dhiaidh sin. |
| 3 | Forbairtí breise ar chóras faisnéise na hInstitiúide | Tá an sprioc áirithe seo idir lámha ag an gColáiste agus súil againn go mbainfear amach na forbairtí ar fad faoi Nollaig 2022.<br>Cuireadh plean um fhorbairt shuíomhanna gréasáin Ghaelchultúir le chéile in 2020 chun go mbeadh suíomhanna an Choláiste níos so-úsáidte d'fhoghlaimeoirí an Choláiste agus d'fhoghlaimeoirí ionchasacha an Choláiste, agus chun go mbeadh sé ní b'éasca eolas tábhachtach an Choláiste a aimsiú. Cuireadh beo an leagan nua den suíomh www.gaelchultur.com i mí na Nollag 2021, agus féachfar ar leagan nua den suíomh ríomhfhoghlama www.ranganna.com a chur beo in 2022.<br><br>Mar aon le hathdhearadh a dhéanamh ar thosach na suíomhanna, ta súil ag an gColáiste uasghradú agus feabhsaithe a dhéanamh ar chúl na suíomhanna chomh maith chun feabhas a chur ar chóras bainistíochta faisnéise an Choláiste chomh maith. |
| 4 | Próiseas Tagarmharcála | Bainte amach go pointe áirithe.<br><br>Cé go mbíonn tagarmharcáil inmheánach ar siúl ag Gaelchultúr, d'aithin an Coláiste go bhféadfaí cur leis an tagarmharcáil seachtrach atá ar siúl againn. Tá Gaelchultúr mar bhall den Ionad Náisiúnta Barr Feabhais in éindí le 6 institiúid tríú leibhéal eile. Roinntear eolas áirithe i measc na mball agus a chuireann ar chumas Ghaelchultúir tagarmharcáil áirithe a dhéanamh ar an gcúrsa ardoideachais.<br><br>Maidir leis na cúrsaí breisoideachais, tá baic áirithe ann i dtaca le tagarmharcáil sa chaoi is nach bhfuil aon soláthraí eile ann a chuireann cúrsaí Gaeilge ag na leibhéil chéanna ar fáil. Bíodh sin mar atá, nuair a bheidh ballraíocht ag Gaelchultúr san EAQUALS, beidh sé níos indéanta tagarmharcáil idirnáisiúnta a dhéanamh ar na cúrsaí creidiúnaithe sin i measc institiúidí Eorpacha eile a chuireann cúrsaí breisoideachais ar fáil. |

| | | |
|---|---|---|
| | | Chomh maith leis sin, is féidir tagarmharcáil áirithe a dhéanamh bunaithe ar eolas a roinneann QQI lena chuid soláthraithe agus leas a bhaint as an tuiairisc is déanaí a d'fhoilsigh siad, is é sin, "Report on QQI Award Classification Distributions for QQI Higher Education and Training Awards (2012-2017)", a chuirfeadh ar chumas Ghaelchultúir níos mó den tagarmharcil seachtrach a dhéanamh. |
| 5 | Buiséad don Dearbhú Cáilíochta | Bainte amach.<br><br>Cuireadh buiséad ar fáil do ghníomhaíochtaí dearbhaithe cáilíochta in 2021. |
| 6 | Tuilleadh Béime a chur ar Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach na Foirne | Bainte amach go pointe.<br><br>Cé gur aithníodh le linn an phróisis ateagmhála go bhfuil Gaelchultúr sách láidir sa réimse seo, d'aithin an Coláiste go bhféadfaí níos mó a dhéanamh chun an fhoireann bhuan agus an fhoireann pháirtaimseartha a spreagadh le caidrimh a chothú i measc an phobail oibre taobh amuigh de Ghaelchultúir. Chuige sin, d'fhreastail Gaelchultúr ar an gcomhdháil 'An Dialann sa Ghaeilge' in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath i mí Aibreáin 2021, áit ar thug ionadaithe an Choláiste páipéar acadúil do lucht na comhdhála.<br><br>Chomh maith leis sin, beidh deis ag fostaithe Ghaelchultúir, idir fhostaithe páirtaimseartha agus fhostaithe bhuana, cur leis na caidrimh atá acu in earnáil an oideachais nuair a bheidh ballraíocht ag an gCoIáiste san eagraíocht idirnáisiúnta EAQUALS. |

## 1.3 Governance and Management

### 1.3.1 QA Governance Meetings Schedule

| Body | Meeting dates |
|---|---|
| An Bord Stiúrtha | 25 Meán Fómhair, 2020<br>17 Nollaig, 2020<br>9 Márta, 2021<br>9 Iúil, 2021 |
| An Chomhairle Acadúil | 25 Eanáir 2021<br>18 Bealtaine 2021 |
| An Fhoireann Cáilíochta | 5 Feabhra 2021<br>18 Feabhra 2021<br>14 Aibreán 2021<br>1 Iúil 2021<br>16 Iúil 2021 |
| An Bord Clár | 28 Bealtaine, 2021<br>24 Meitheamh, 2021<br>7 Iúil, 2021 |
| An Painéal Faofa Torthaí (Cúrsa Ardoideachais) | 26 Eanáir 2021<br>25 Bealtaine 2021 |
| An Painéal Faofa Torthaí (Cúrsaí Breisoideachais) | 28 Aibreán 2021<br>11 Lúnasa 2021 |
| An Coiste Feabhsaithe Cáilíochta | 28 Deireadh Fómhair 2020 (Grúpa 8, seimeastar 1)<br>24 Márta 2021 (Grúpa 8, seimeastar 2) |

### 1.3.2 QA Leadership and Management Structural Developments

Athruithe i dtaca le struchtúr rialachais an Choláiste:

I mí Dheireadh Fómhair 2020, mhol baill an phainéal ateagmhála gurb é an Riarthóir Acadúil is ceart a bheith mar Chathaoirleach ar an bPainéal Faofa Torthaí ar aon chlár bailíochtaithe, an Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil agus an Dioplóma Iarchéime san Aistriúchán san áireamh, agus gur gá go mbeadh duine seachtrach ina bhall den phainéal céanna. Cuireadh na hathruithe sin i bhfeidhm i mí na Nollag 2020 agus leasaíodh na cuir síos ar róil agus na téarmaí tagartha i dtaca leis sin.

I mí na Nollag 2020 tugadh an ról mar Chathaoirleach Feidhmiúcháin isteach mar ról gníomhach sa chomhlacht ós rud é go raibh an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin le himeacht ar shaoire mháithreachais i mí Eanáir 2021. Bhí an Cathaoirleach Feidhmiúcháin ag feidhmiú ar an mBord Stiúrtha amháin roimhe sin.

## 1.4 Internal Monitoring and Review
### 1.4.1 Overview of Periodic Reviews

Is fiú a lua go raibh Gaelchultúr fós ag tabhairt faoin bpróiseas ateagmhála i gcaitheamh na tréimhse céanna atá faoi scrúdú ag an Athbhreithniú Cáilíochta Bliantúil (AQR) seo.

Chomh maith leis sin, bhí athbhailíochtú an Dioplóma Iarchéime san Aistriúchán le tarlú i mí Mheán Fómhair 2021, ach chuir Gaelchultúr iarratas isteach chuig QQI chun síneadh ama a fháil agus faomhadh an méid sin trí chóras PAEC QQI i mí an Mheithimh 2021.

Tá sceideal na n-athbhreithnithe ar tugadh fúthu le linn na tréimhse ainmnithe ar fáil thíos.

| Unit of review for which report has been published during reporting period | Date of completion/reason for conducting review (if not planned) or non-completion (if planned but not conducted) | Links to relevant publications |
|---|---|---|
| Athbhreithniú iomlán ar bheartais agus nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta an Choláiste | Ateagmháil (Re-engagement), Nollaig 2020 | Lámhleabhar Dearbhaithe Cáilíochta Ghaelchultúr |
| Iarratas bailíochtaithe ar Leibhéal 2 den Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil | Bailíochtú clár, Lúnasa 2021 | Tuarascáil Mheastóireachta Neamhspleách ó Phainéal Seachtrach Saineolaithe roghnaithe ag QQI. Ar fáil ach é a iarraidh. |

### 1.4.2 Expert Review Teams/Panels[3] involved in IQA

Ní dhearnadh aon athbhreithniú tréimhsiúil le linn na tréimhse seo, ach amháin an gnáthathbhreithniú a dhéantar ar chláir agus an próiseas ateagmhála ar thug Gaelchultúr faoi i bhfómhar na bliana 2020 agus a faomhadh i mí na Nollag 2020.
Cuireadh iarratas isteach chuig QQI chun an Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil a thairiscint ag Leibhéal 2 (TGG L2) den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí i mí Lúnasa 2021 agus rinne painéal saineolaithe athbhreithniú deisce air sin.
Sa tábla seo thíos tá eolas maidir leis an dá phainéal sin: an painéal saineolaithe don phróiseas ateagmhála agus an painéal saineolaithe a rinne meastóireacht ar an TGG L2.

| | Total | Academic Schools/ Department | Professional Services/Support Unit | Approval/Review of Provider | Programme Validation | Programme Review | Other |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Number of review/ evaluation processes** | 2 | | | 1 | 1 | | |
| *of those:* | | | | | | | |
| **On-site processes** | 1 | | | 1 | | | |
| **Desk reviews** | 1 | | | | 1 | | |
| **Virtual processes** | | | | | | | |
| **Average panel size for each process type*** | 4 | | | 5 | 2 | | |

* excluding secretary if not a full panel member

[3] QQI acknowledges that the terminology used to describe the groups of individuals that conduct peer review/evaluation varies from institution to institution.

## (ii) Composition of Expert Review Teams/Panels involved in IQA


| | **Total** | **Gender** | | | **Internal** | **National** | **International** | | | **Institution Type** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Type of Expert/ Role on Panel** | | *Male* | *Female* | *Other, or unspecified* | | | *UK, incl. NI* | *Other European* | *Outside of Europe* | *Similar* | *Different* |
| Chair | 2 | 1 | 1 | | | 2 | | | | 2 | |
| Secretary | 2 | | 2 | | | 2 | | | | 2 | |
| Academic/Discipline Specific | 3 | 2 | 1 | | | 3 | | | | 3 | |
| Student Representative | 1 | 1 | | | | 1 | | | | 1 | |
| QA | | | | | | | | | | | |
| Teaching & Learning | | | | | | | | | | | |
| External Industry /Third Mission | 1 | 1 | | | | 1 | | | | | 1 |

# 2.0 IQA System – Enhancement and Impacts

Nuair a thug Gaelchultúr faoin ateagmháil, bhí sé mar aidhm ag an gColáiste cur chuige iomlánaíoch i leith Dearbhú Cáilíochta a chur i bhfeidhm agus an coincheap a leabú i gcultúr an Choláiste chun go mbeadh tuiscint agus úinéireacht ag gach ball foirne ar dhearbhú cáilíochta an Choláiste.

Bhí sé mar mhórsprioc straitéiseach ag Gaelchultúr le linn na tréimhse atá ábhartha don athbhreithniú seo monatóireacht agus tástáil a dhéanamh ar an gCóras Dearbhaithe Cáilíochta (CDC) nua a forbraíodh mar thoradh ar an bpróiseas ateagmhála le cinntiú go raibh ag éirí leis an gcóras nua agus go raibh sé oiriúnach don fheidhm. Bhí Córas nua Dearbhaithe Cáilíochta an Choláiste, a faomhadh i mi na Nollag 2020, ag teacht leis na ceanglais reachtúla an Achta um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012, agus an Achta um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) (Leasú), 2019, agus leis na Treoirlínte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta, QQI 2016. Mar chuid den CDC, d'fhorbair Gaelchultúr timthriall faireacháin agus athbhreithnithe mar uirlis feabhsúcháin d'fhonn cáilíocht na gclár agus na seirbhísí a sholáthraímid a chinntiú, agus a chuireann ar chumas an Choláiste monatóireacht a dhéanamh ar bheartais agus chun feabhsúcháin leanúnacha cháilíochta a chur i bhfeidhm. Baineann Gaelchultúr úsáid as córais faisnéise cáilíochtúla agus cainníochtúla mar aon le táscairí feidhmíochta chun tionchar (impact) an CDC agus na réimsí cáilíochtaí a chuimsítear ann a thomhas.

*Léaráid: Timthriall Faireacháin agus Athbhreithnithe*




Chuige sin, chuir Gaelchultúr feabhsúcháin éagsúla i bhfeidhm a d'eascair as aiseolas an phainéil ateagmhála, mar aon leis an anailís ar bhearnaí sa Chóras Dearbhaithe Cáilíochta a rinneadh mar chuid den fhéinmheasúnú ar an CDC sa bhliain 2020. Chomh maith leis sin, cuireadh feabhsúcháin eile i bhfeidhm mar chuid de na gníomhaíochtaí ar thug foireann cháilíochta an Choláiste fúthu le dul i ngleic leis an éigeandáil náisiúnta a thit

amach mar gheall ar Covid-19. Tugtar achoimre ar na feabhsúcháin sin de réir na réimsí cáilíochta éagsúla a chuimsítear i LDC Ghaelchultúir atá liostáilte sna ceannteidil thíos:

## Cláir Oideachais agus Oilliúna

Mar a luadh thuas, bhí sé mar sprioc ag Gaelchultúr scóip an tsainchúraim reatha maidir le soláthar cúrsaí a leathnú. Nuair a faomhadh Córas Dearbhaithe Cáilíochtaí Ghaelchultúir i mí na Nollag 2020, bhí cáilíochtaí ag Leibhéal 3, 4, 5, 6 agus 9 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí á dtairiscint ag an gColáiste.

I mí Lúnasa 2021, chuir Gaelchultúr iarratas isteach chuig QQI chun bailíochtú a dhéanamh ar chlár ag Leibhéal 2 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Freagra réamhghníomhach ba ea é ar an riachtanas foghlaimeora a bhí ag foghlaimeoirí Ghaelchultúir, mar aon le riachtanas breise traenála a bheadh ag na heagraíochtaí stáit agus iad ag iarraidh a ndualgas earcaíochta faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021 a chomhlíonadh. Faoi mar a léiríodh i gCuid A, bhí struchtúr uileghabhálach maidir le Dearbhú Cáilíochta forbartha ag an gColáiste a chinntigh gur cuimsíodh taighde, comhairliúchán le páirtithe leasmhara, measúnú riachtanas agus faomhadh inmhéanach agus seachtrach sa phróiseas forbartha foriomlán an chláir sin. Rinneadh Leibhéal 2 den Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil a fhorbairt faoi stiúir QQI ós rud é nach raibh cúrsa teanga ag an leibhéal sin den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí bailíochtaithe ná faofa ag QQI roimhe sin. Bhí ceithre chruinniú idir Gaelchultúr agus QQI agus trí chruinniú idir Gaelchultúr agus saineolaí seachtrach dearbhaithe cáilíochta a chinntigh go raibh taighde agus ullmhúchán cúramach cóir déanta agus iarratas Ghaelchultúir á chur le chéile.

## Teagasc, Foghlaim agus Measúnú ar Fhoghlaimeoirí

Tá taithí fhairsing ag Gaelchultúr sa teagasc ar líne agus tá infheistíocht mhór déanta ag an gColáiste thar na blianta i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm a bheartais maidir leis an bhfoghlaim chumaisc. Chuige sin, bhí infreastruchtúr TF réidh agus an tacaíocht theicniúil sheachtrach socraithe ag an gColáiste nuair a bhuail géarchéim Covid-19 an domhan. Bhí sé indéanta aistriú gasta agus éifeachtach a dhéanamh ón bhfoghlaim sa seomra ranga go dtí an fhoghlaim ar líne.

Ba í Riarthóir Acadúil Ghaelchultúir agus an fhoireann oibríochtaí den chuid is mó a chuir tacaíocht theicniúil ar fáil d'fhoireann teagaisc an Choláiste agus na foghlaimeoirí. Chaith siad go leor ama ag déanamh taighde agus tástálacha ar ardáin ríomhfhoghlama éagsúla agus cinneadh leas a bhaint as Zoom agus go leanfadh an Coláiste ar aghaidh ag baint leas as WebEx do chúrsaí áirithe, mar a bhí ag tarlú sular bhuail an phaindéim. Cé go raibh teimpléad ann roimhe chun treoir a thabhairt do mhic léinn maidir le húsáid na teicneolaíochta mar chuid de chúrsaí, chaith an fhoireann oibríochtaí an-dua ag cur oiliúna ar theagascóirí, ar an bhfoireann bhuan inmheánach, ar na foghlaimeoirí, mar aon le treoir scríofa agus físe a chur le chéile. Chomh maith leis sin, chuir siad feachtas earcaíochta ar bun chun níos mó éascaitheoirí teicniúla a earcú chun na cúrsaí ar líne a éascú.

Cuireadh an-bhéim ar reáchtáil na measúnuithe foirmitheacha agus suimitheacha i dtimpeallacht dhigiteach. Chuir an Coláiste córas soiléir téagartha i bhfeidhm de réir an phlean teagmhais a chuir Gaelchultúr ar aghaidh

chuig QQI i mí Lúnasa 2020, a rinne forálacha an fhorais cáiliúcháin a shásamh agus a d'fhreastail ar na trí riachtanas seo a leanas, faoi mar atá luaite i mír 6 den LDC, de chuid an Choláiste:

1. measúnú trédhearcach, cothrom agus comhsheasmhach a chur ar fáil do gach foghlaimeoir
2. cuir ar chumas na bhfoghlaimeoirí a gcuid spriocanna foghlama a bhaint amach
3. ionracas acadúil na measúnuithe a chinntiú.

Chomh maith leis sin, scaipeadh suirbhé ar fhoghlaimeoirí Ghaelchultúir ag tús 2021 mar chuid den fhéinmheastóireacht cáilíochta a bhí ar siúl ag an gColáiste maidir leis an bhfoghlaim ar líne. Ghlac tuairim is 100 foghlaimeoir páirt sa suirbhé sin agus bunaithe ar an aiseolas a bailíodh, Mhol an fhoireann cáilíochta i gcomhar leis an mBord Cláir Ghaelchultúir fad an chúrsa a athrú ó chúrsa 10 seachtaine go cúrsa 12 sheachtain le cinntiú nach raibh na mic léinn ina suí os comhair ríomhaire ar feadh níos mó ná 2.5 uair. D'aithin Comhairle Acadúil an Choláiste go raibh gá freastal ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí le linn na héigeandála seo, agus glacadh leis an moladh ón mBord Cláir chun fad seachadta an chúrsa a athrú i samhradh 2021 agus iad ar aon tuairim leis an bhfoireann inmheánach gurbh é an modh b'éifeachtaí chun an fhoghlaim ar líne a éascú.

Bhí rath suntasach ar an aistriú go dtí an fhoghlaim ar líne agus tháinig méadú 30% ar líon na n-iarratas a fuarthas don Dioplóma Iarchéime san Aistriúchán (leibhéal 9 den CNC), bhí méadú 45% ar líon na gclárúchán ar an Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil, agus bhí méadú 142% ar líon na gclárúchán ar chúrsaí neamhchreidiúnaithe an Choláiste.

**Tacaíocht d'Fhoghlaimeoirí**

Nuair a cuireadh srianta i bhfeidhm sa tír mar gheall ar an Covid-19, bhí go leor dúshlán roimh fhoghlaimeoirí agus iad ag iarraidh dul i ngleic leis an bhfoghlaim ar líne.

Sa chás-staidéar atá ar fáil i gCeist 4 den cháipéis seo, tá cur síos cuimsitheach ar na seirbhísí tacaíochta breise a cuireadh ar fáil d'fhoghlaimeoirí le linn na tréimhse seo lena chinntiú go mbeadh tacaíocht leanúnach á cur ar fáil dóibh agus chun rannpháirtíocht na mac léinn a spreagadh.

Chomh maith leis sin baineadh leas as an bplean cumarsáide atá luaite i mír 2.1 thíos le mic léinn a choinneáil ar an eolas maidir le srianta ábhartha an rialtais i dtaca le hoideachas, mar aon leis na tacaíochtaí breise a bhí á gcur i bhfeidhm ag Gaelchultúr, agus na bearta a bhí á dtógáil ag an gColáiste chun ionracas acadúil na gcúrsaí a chinntiú le linn na héigeandála poiblí.

**Bainstíocht Sonraí agus Faisnéise**

Faoi mar a luadh i bhfoirm iarratais ateagmhála Ghaelchultúir, d'aithin an Coláiste go mbeadh forbairtí breise ar an gcóras faisnéise de dhíth agus feabhsúcháin leanúnacha le cur i bhfeidhm le cinntiú go mbeadh an córas oiriúnach don fheidhm agus é in úsáid go rialta agus go laethúil san am i láthair agus san am atá romhainn.

Ag eascairt as monatóireacht a dhéantar ar chóras bainistíochta sonraí agus faisnéise an Choláiste faoi mar a shainítear i mír 8.8 den LDC, cuireadh foghrúpa le chéile a raibh sé mar aidhm aige feabhsúcháin TF do chóras

bainistíochta sonraí agus faisnéise a chur i bhfeidhm. Chinn an foghrúpa tabhairt faoi na gníomhaíochtaí seo a leanas sa tréimhse atá ábhartha don athbhreithniú cáilíochta bliantúil seo:

1. Plean Forbartha do Shuíomhanna Gréasáin Ghaelchultúir.
2. Athdhearadh agus nuashonrú le déanamh agus le críochnú ar www.gaelchultur.com faoi mhí na Nollag, 2021.
3. Aistriú sonraí iomlán a dhéanamh ó fhreastalaí fisiciúil an Choláiste go dtí an scamall agus Sharepoint a chur ag feidhmiú go forleathan sa Choláiste faoi mhí Iúil, 2021.

An sprioc a bhí leis na feabhsúcháin thuas ná cur le heispéireas an úsáideora agus é/í ag baint úsáid as an gcóras, mar aon le feidhmeanna an chórais a fheabhsú agus córais uathoibríocha a éascú. Chomh maith leis sin, theastaigh ó Ghaelchultúr a chinntiú go mbeadh trealamh agus córais an Choláiste ar an gcaighdeán is fearr agus go mbeadh barr feabhais á chur go leanúnach ar bhainistíocht sonraí agus ar na córais slándála.

Leanfar le cur i bhfeidhm an phlean forbartha do na suíomhanna gréasáin mar aon le cur i bhfeidhm an phlean feabhsaithe cáilíochta sna blianta atá amach romhainn.

Chomh maith leis sin, thosaigh Gaelchultúr ag bailiú Scór Glan Tionscnóra (NPS) an Choláiste i mí Eanáir 2021 a dhéanann leibhéal sástachta na bhfoghlaimeoirí le seirbhísí agus táirgí Ghaelchultúir a mheas. Bhí scór idir 65% agus 74% ag gach cúrsa de chuid an Choláiste in earrach 2021. Scaipeann Gaelchultúr a chuid suirbhéanna inmheánacha rialta ar gheallsealbhóirí an Choláiste ar mhaithe le faisnéis reatha iontaofa a bhailiú agus na táscairí feidhmíochta cáilíochta a shásamh. Ní ghlacann Gaelchultúr páirt i Suirbhé Náisiúnta na Mac Léinn.

## 2.1 Initiatives within the Institution related to Academic Integrity

Tá cláir foghlama cumaisc á gcur ar fáil ag Gaelchultúr ó bhí 2011 ann agus mar gheall go ndearnadh athbhreithniú críochnúil ar bheartais agus nósanna imeachta leasaithe an Choláiste mar chuid den Ateagmháil le QQI in 2020, bhí bunús an-láidir agus infreastruchtúr seanbhunaithe ann a rinne an t-aistriú a éascú agus a d'fhág nach raibh mórán deacrachtaí ag an gColáiste na cláir a chur go hiomlán ar líne.

Ghlac Gaelchultúr páirt sna tionscnaimh éagsúla a chuir QQI ar bun le linn na géarchéime a bhain le hionracas acadúil na gclár agus le tionchar Covid-19 ar sheachadadh na gclár a mheas mar chuid de chur chuige réamhghníomhach an Choláiste. Ba mhór an chabhair í an anailís a rinne Gaelchultúr i gcomhar le QQI i mí Iúil 2020 a chaith súil siar agus súil chun tosaigh ar na gnéithe ar fad a bhain le Measúnú agus Seachadadh Cláir (idir chláir bhreisoideachais agus chláir ardoideachais an Choláiste) agus Gaelchultúr ag iarraidh a chuid gníomhaíochtaí agus a bhearta i dtaca le Covid-19 a phleanáil. Chomh maith leis sin, bhí an Coláiste in ann na beartais nuafhaofa a bhain le measúnú, teagasc agus foghlaim sa seomra ranga agus ar líne, bradaíl agus an fhoghlaim chumaisc a chur i bhfeidhm mar bhonn faoi chur chuige an Choláiste i dtaca le hionracas acadúil na gclár a chinntiú.

Lena chois sin, chuir Gaelchultúr Pleananna Teagmhais dá chuid cúrsaí ardoideachais agus breisoideachais le chéile i mí Lúnasa 2020 a d'fhéach ar na rioscaí agus na dúshláin is mó a bhain leis na cúrsaí a reáchtáil ar líne amháin le linn na paindéime agus na gníomhaíochtaí arbh fhiú dul i ngleic leo le hionracas acadúil na gcúrsaí sin a chinntiú. Tá na pleananna teagmhais sin le feiceáil thíos.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Cúrsa** | **An Dioplóma Iarchéime san Aistriúchán (DISA)** | | | |
| **Cód an teastais** | PG22565 | **Bunús** | Bearta agus socruithe cuí a dhéanamh le cinntiú go mbeidh sé de chumas ar Ghaelchultúr an DISA a reáchtáil in ainneoin na srianta a bhaineann le Covid-19. | |

| **An beart atá de dhíth** | **Stádas** | **Nósanna imeachta** |
|---|---|---|
| Sceideal an chláir | ✓ | Tá sceideal an chláir leagtha amach i mbróisiúr an chúrsa.[4] Tá Gaelchultúr ag coinneáil súil ghéar ar threoracha an rialtais maidir le hinstitiúidí ardoideachais agus tá súil ag an institiúid na seisiúin a dhéanamh sa seomra ranga más féidir. Toisc nach bhfuil i gceist ach ceithre sheisiún lae, tá muinín ag Gaelchultúr go mbeifear in ann na seisiúin a reáchtáil ar bhealach ina bhfuil tús áite ag sábháilteacht na bhfoghlaimeoirí agus na dteagascóirí.<br>Mura bhfuil sé sin indéanta, déanfar na seisiúin a reáchtáil ar líne ar na dátaí céanna is atá luaite sa bhróisiúr. De bhrí go raibh an teagasc ar líne mar chuid den DISA ón tús, tá taithí mhaith againn ar an teagasc ar líne agus ní dúshlán mór é na seisiúin go léir a eagrú ar líne dá bharr. |
| Oiliúint ar theagascóirí | ✓ | Tá taithí ag teagascóirí an DISA ar an teagasc ar líne cheana féin ach reáchtálfar fós seisiún oiliúna leo ar an ardán cuí (Zoom, WebEx). Déanfaidh an Riarthóir Acadúil nó an Stiúrthóir Oideachais na seisiúin sin a shocrú. Taispeánfar conas an leas is fearr a bhaint as na hardáin le hábhar an chúrsa a chur i láthair. Beidh ionduchtú don seimeastar san áireamh sna seisiúin oiliúna sin. Bíonn tacaíocht theicniúil ar fáil i gcónaí do theagascóirí na hinstitiúide chomh maith. |
| Córas iontrála | ✓ | Is féidir cur isteach ar áit ar an DISA ar www.gaelchultur.com nó trí fhoirm iarratais chomhlánaithe a sheoladh chuig an institiúid. Rinneadh scrúdú iontrála amháin ar líne cheana féin |

[4] https://www.gaelchultur.com/Media/PDFs/DioplomaIarcheimesanAistriuchan_2020.pdf

| | | |
|---|---|---|
| | | agus reáchtálfar an chéad cheann eile ar líne chomh maith. |
| Srianta a bhaineann le Covid-19 | ✓ | Tá súil ag Gaelchultúr seisiúin a dhéanamh sa seomra ranga in ionad oideachais Ghaelchultúir nó ionad eile a bheadh feiliúnach. Cloífear go docht le na moltaí an IUA[5] i leith reáchtáil na ranganna sa chás sin. |
| Ionduchtú/tástálacha teicniúla | ✓ | Reáchtálfaidh an Riarthóir Acadúil, i gcomhar leis an bhfoireann riaracháin, tástálacha leis na foghlaimeoirí roimh thús an chúrsa chun aon fhadhb theicniúil a réiteach (micreafón a dheisiú, mar shampla).<br>Cloífear leis an ngnáthnós imeachta i dtaobh ionduchtú an chúrsa - bíodh sin ar líne nó sa seomra ranga. Beidh an Stiúrthóir Oideachais i gceannas air sin. |
| Measúnú ar fhoghlaimeoirí | ✓ | Ní thiocfaidh aon athrú ar ábhar nó ar sheachadadh an mheasúnaithe shuimithigh.<br>Reáchtáladh scrúduithe deireadh seimeastair ar líne i mí an Mheithimh agus rinne Gaelchultúr aiseolas a bhailiú ó fhoghlaimeoirí agus teagascóirí an chúrsa maidir leis na scrúduithe sin. Má bhíonn scrúduithe le reáchtáil ar líne arís, déanfar athbhreithniú ar an gcur chuige roimh ré, leis an aiseolas sin a chur san áireamh. |
| Fíorú inmheánach agus fíordheimhniú seachtrach | ✓ | Ní thiocfaidh aon athrú ar na próisis sin. Beidh fáil ag na fíoraitheoirí inmheánacha agus ag an scrúdaitheoir seachtrach ar mheasúnuithe uile na bhfoghlaimeoirí, ar líne nó trí chóipeanna crua de na scrúduithe a sheoladh chucu le post cláraithe. |
| Scarbhileog torthaí | ✓ | Níl aon athrú de dhíth. |
| Áiseanna na bhfoghlaimeoirí | ✓ | Gheobhaidh na foghlaimeoirí lámhleabhar agus ábhar an chúrsa sa seomra ranga nó ar líne, ag brath ar an gcur chuige a ghlacfaidh an institiúid i dtaobh an téarma nua. |

[5] https://www.iua.ie/wp-content/uploads/2020/08/Public-Health-Implementation-Guidelines-for-HEIs_05.08.20_Final.pdf

| | | |
|---|---|---|
| Meastóireacht | ✓ | Scaipfear na suirbhéanna céanna maidir le hábhar agus reáchtáil na gcúrsaí ar na foghlaimeoirí. |
| Tacaíocht d'fhoghlaimeoirí / Socrú réasúnta | ✓ | Cuirfidh an fhoireann riaracháin tacaíocht theicniúil leanúnach ar fáil. Bíonn foireann Ghaelchultúir ar fáil go leanúnach le ceisteanna a fhreagairt agus socruithe cuí a chur i bhfeidhm más gá. |
| Aiseolas | **Idir lámha** | Bailíodh aiseolas ó fhoghlaimeoirí an DISA maidir leis an gcóras nua a cuireadh i bhfeidhm do na scrúduithe i mí an Mheithimh. Déanfaidh an tOifigeach Dearbhaithe Cáilíochta anailís ar na foirmeacha aiseolais ón téarma seo caite agus cuirfear moltaí i bhfeidhm don chéad téarma eile má mheasann sé go bhfuil fiúntas leo.<br>Sa bhliain acadúil atá le teacht, scaipfear suirbhéanna ar na foghlaimeoirí go léir ina mbeidh ceisteanna maidir le hábhar an chúrsa agus ceisteanna maidir leis na socruithe nua atá á gcur i bhfeidhm mar gheall ar Covid-19. Beidh deis ag ionadaithe ranga freastal ar chruinniú de chuid an Choiste Feabhsaithe Cáilíochta chun tuairimí agus moltaí na mac léinn a roinnt linn. Déanfar sáriarracht aon mholtaí atá ag na mic léinn a chuirfidh feabhas ar an eispéireas foghlama a chur i bhfeidhm. |

| | | |
|---|---|---|
| **Comhlánaithe ag** | Derek O'Brien | Bainisteoir Oideachais |
| **Faofa ag** | Éamonn Ó Dónaill<br>Niamh Ní Chadhla | Stiúrthóir Oideachais<br>Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin |

| Cúrsa | An Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil (TGG) (Leibhéal 3 - 6) | | |
|---|---|---|---|
| Cód an teastais | 3M0874<br>4M2010<br>5M2073<br>6M5013 | Bunús | Bearta agus socruithe cuí a dhéanamh le cinntiú go mbeidh sé de chumas ar Ghaelchultúr an TGG a reáchtáil in ainneoin na srianta a bhaineann le Covid-19. |

| An beart atá de dhíth | Stádas | Nósanna imeachta |
|---|---|---|
| Sceideal an chláir | ✓ | An gnáthsceideal don TGG ar líne: 15 seachtaine, rang amháin in aghaidh na seachtaine, dhá uair an chloig ar fad.<br>Ní bheidh aon rang de chuid an TGG ar siúl in ionad oideachais Ghaelchultúir. |
| Oiliúint ar theagascóirí | ✓ | Cuirfear oiliúint chuí ar gach teagascóir maidir leis an teagasc ar líne. Reáchtálfaidh an Riarthóir Acadúil seisiún oiliúna ar an ardán cuí (Zoom, WebEx) más gá. Taispeánfar conas an leas is fearr a bhaint as na hardáin le hábhar an chúrsa a chur i láthair. Beidh ionduchtú don seimeastar san áireamh sna seisiúin oiliúna sin. Bíonn tacaíocht theicniúil ar fáil i gcónaí do theagascóirí na hinstitiúide chomh maith. |
| Córas iontrála | ✓ | Ní thiocfaidh athrú ar bith ar an gcóras iontrála don TGG ar líne. Gheobhaidh na foghlaimeoirí gach eolas roimh thús an chúrsa ar ríomhphost. |
| Srianta a bhaineann le Covid-19 | ✓ | Ní bheidh aon rang de chuid an TGG ar siúl in ionad oideachais Ghaelchultúir i mbliana.<br><br>I gcás ionaid sheachtracha, oibreoidh foireann Ghaelchultúir i gcomhar leis na hoifigigh thraenála sna hionaid sin más ea gur mhaith leo ranganna a chur ar fáil sa seomra ranga. Cinnteofar tríd an gcomhoibriú sin go mbeidh an spás slán don teagascóir agus do na foghlaimeoirí. |
| Ionduchtú/tástálacha teicniúla | ✓ | Reáchtálfaidh an Riarthóir Acadúil, i gcomhar leis an bhfoireann riaracháin, tástálacha leis na |

| | | |
|---|---|---|
| | | foghlaimeoirí roimh thús an chúrsa chun aon fhadhb theicniúil a réiteach (micreafón a dheisiú, mar shampla). Cloífear leis an ngnáthnós imeachta i dtaobh ionduchtú an chúrsa. Gheobhaidh na foghlaimeoirí treoirleabhar roimh thús an chúrsa agus pléifidh an teagascóir na gnéithe is tábhachtaí de sa chéad seisiún ar líne. |
| Tinreamh | ✓ | Ar líne. Coinneoidh Gaelchultúr taifead de thinreamh na bhfoghlaimeoirí. Cuirfear an taifead sin ar fáil do na hoifigigh thraenála chuí. |
| Measúnú ar fhoghlaimeoirí | Idir lámha (scrúduith e) | Ní thiocfaidh aon athrú ar ábhar nó ar sheachadadh an mheasúnaithe shuimithigh. Déanfar na trialacha cluastuisceana agus an bhéaltriail ar an ardán WebEx. Toisc go ndearnadh na scrúduithe sin aghaidh ar aghaidh roimhe seo, tá córas nua á fhorbairt ag Gaelchultúr dó sin.<br><br>Seolfar na trialacha cluastuisceana ar aghaidh i bhfoirm Notepad le cinntiú nach mbeidh seiceálaí litrithe in úsáid ag foghlaimeoirí.<br>Déanfar taifead ar na béaltrialacha a reáchtalfar ar WebEx le hiontaofacht agus sláine an phróisis a chinntiú. |
| Fíorú inmheánach agus fíordheimhniú seachtrach | ✓ | Ní thiocfaidh aon athrú ar na próisis sin. Beidh fáil ag na fíoraitheoirí inmheánacha agus an fíordheimhnitheoirí seachtracha ar mheasúnuithe na bhfoghlaimeoirí ar Dropbox slán. |
| Scarbhileog torthaí | | Níl aon athrú de dhíth. |
| Áiseanna na bhfoghlaimeoirí | ✓ | Seoltar PDF de nótaí na ranganna ar ríomhphost. Faigheann na foghlaimeoirí rochtain, mar is gnách, ar chúrsa ar líne ar ranganna.com. Seoltar an nasc chuig na seisiúin ar WebEx ar ríomhphost gach seachtain. |
| Meastóireacht | ✓ | Scaipfear na suirbhéanna céanna maidir le hábhar agus reáchtáil na gcúrsaí ar na foghlaimeoirí. |
| Tacaíocht d'fhoghlaimeoirí / Socrú réasúnta | ✓ | Cuirfidh an fhoireann riaracháin tacaíocht theicniúil leanúnach ar fáil. Bíonn foireann Ghaelchultúir ar |

| | | |
|---|---|---|
| | | fáil go leanúnach le ceisteanna a fhreagairt agus socruithe cuí a chur i bhfeidhm más gá. |
| Aiseolas | Idir lámha | Déanfaidh an tOifigeach Dearbhaithe Cáilíochta anailís ar na foirmeacha aiseolais ag deireadh an téarma reatha agus cuirfear moltaí i bhfeidhm don chéad téarma eile má mheasann sé go bhfuil fiúntas leo.<br><br>Bailíodh aiseolas cheana féin ó na foghlaimeoirí a d'aistrigh ón seomra ranga go cúrsa ar líne mar gheall ar Covid-19 agus bhí formhór na bhfoghlaimeoirí sásta leis an bpróiseas sin. Cuirfear na tuairimí agus na moltaí chun feabhais san áireamh i reáchtáil an chéad téarma eile, áfach. |

| | | |
|---|---|---|
| **Comhlánaithe ag** | Derek O'Brien | Bainisteoir Oideachais |
| **Faofa ag** | Éamonn Ó Dónaill<br>Niamh Ní Chadhla | Stiúrthóir Oideachais<br>Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin |

In ainneoin an mhéid a bhí sna pleananna teagmhais, agus de réir mar a lean bearta dianghlasála an rialtais ar aghaidh, aithníodh go raibh bearnaí áirithe fós ann agus go raibh bearta breise de dhíth sna réimsí seo a leanas:

1. **Plean cumarsáide**

   Aithníodh go raibh gá plean cumarsáide le cur le chéile agus na cáipéisí seo a leanas a scaipeadh ar na mic léinn chun ionracas acadúil a spreagadh agus a threisiú i measc fhoghlaimeoirí Ghaelchultúir:

   a. Cairt na bhFoghlaimeoirí ina leagtar síos luachanna Ghaelchultúir agus na dualgais atá ar fhoghlaimeoirí an Choláiste i dtaca le hionracas.
   b. Pleananna teagmhais agus córais nua measúnaithe an Choláiste a thug le fios bearta Ghaelchultúir chun ionracas acadúil na gcúrsaí a chinntiú le linn na héigeandála poiblí.

2. **Infheistíocht sa Teicneolaíocht**

   Ba léir do Ghaelchultúr go raibh infheistíocht mhór sa teicneolaíocht, san oiliúint agus sna ceadúnais ar na hardáin éagsúla ríomhfhoghlama le hionracas acadúil a éascú i dtimpeallacht ar líne.

3. **Córas maidir le Measúnú Suimitheach a reáchtáil ar líne**

   Bhí measúnuithe suimitheacha scríofa i gceist den chuid is mó do chúrsa breisoideachais agus ardoideachais an Choláiste agus mar gheall air sin, bhí an treoir agus na córais a bhí ann mar chuid den bheartas maidir le foghlaim chumaisc go fóill bailí agus oiriúnach don fheidhm.

Bhí córais agus treoirlínte breise de dhíth, áfach, i reáchtáil trialacha cluastuisceana an chúrsa breisoideachais, mar aon le measúnuithe suimitheacha na gcúrsaí uile, ós rud é gur aghaidh ar aghaidh a reáchtáladh na measúnuithe sin go stairiúil.

D'fhorbair an fhoireann oideachais i gcomhar leis an bhfoireann cáilíochta na córas nua do reáchtáil na measúnuithe sin, agus rinne an Chomhairle Acadúil iad a fhaomhadh.

Seo a leanas na socruithe breise a cuireadh i bhfeidhm le hiontaofacht acadúil na dtrialacha cluastuisceana a chinntiú:

| **An Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil - Céimeanna Breise a Bhaineann le Triail Chluastuisceana a Reáchtáil i dTimpeallacht Dhigiteach** |
|---|
| **Freagrach as:** An Riarthóir Acadúil<br>**Nós Imeachta:**<br>1. Scaipfear treoir scríofa maidir le reáchtáil na trialach chluastuisceana ar an ríomhphost ar mhic léinn an tseachtain roimh ré. (Cuirtear treoir scríofa móide traenáil ar fáil don mhúinteoir chomh maith).<br>2. Bainfear na haonaid de ranganna.com (suíomh ríomhfhoghlama an Choláiste) maidin na trialach. Níl sé indéanta comhad a íoslódáil ón suíomh.<br>3. Seoltar ceisteanna na trialach cluastuisceana ar aghaidh 15nóim roimh thús an ranga.<br>4. Reáchtáiltear an triail chluastuisceana ag tús an ranga ar WebEx.<br>5. Iarrtar ar na mic léinn an ceamara a chur ar siúl.<br>6. Iarrtar ar mhic léinn gach rud seachas WebEx agus an ríomhphost a dhúnadh.<br>7. Iarrtar ar mhic léinn 'Freagair' a bhrú ar an ríomhphost ó Ghaelchultúr, agus a gcuid freagraí a sheoladh i gcorp an ríomhphoist ag deireadh na trialach. Tugtar 5 nóiméad dóibh é sin a dhéanamh. |
| **Pointí Breise:**<br>• Déanfar tástáil ag tús an ranga le cinntiú go bhfuil an fhuaim ag obair agus nach bhfuil deacracht theicniúil ag aon duine. Bíonn an múinteoir agus an t-éascaitheoir i láthair le linn an mheasúnaithe le deacrachtaí teicniúla ar bith a thiocfadh chun cinn lena linn a réiteach.<br>• Rinneadh an scéim marcála a leasú chun nach mbeadh an bhéim chéanna ar bhotúin litrithe le cinntiú nach mbeadh tionchar rómhór ar sheiceálaí litrithe ar fhreagraí na bhfoghlaimeoirí.<br>• Buntreoir na dtrialacha cluastuisceana fós bailí agus le leanúint ach na leasuithe thuas le cur leis nuair a bhíonn triail chluastuisceana le reáchtáil i dtimpeallacht dhigiteach. |

Seo a leanas na socruithe breise a cuireadh i bhfeidhm le hiontaofacht acadúil bhéaltriail an Teastais sa Ghaeilge Ghairmiúil a chinntiú:

| **An Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil - Céimeanna Breise a Bhaineann le Béaltriail a Reáchtáil i dTimpeallacht Dhigiteach** |
|---|
| **Freagrach as:** An Riarthóir Acadúil<br>**Nós Imeachta:**<br>1. Scaipfear treoir scríofa maidir le reáchtáil na béaltrialach ar mhic léinn an ríomhphost an tseachtain roimh ré. (Cuirtear treoir scríofa ar fáil don scrúdaitheoir agus don fheitheoir chomh maith).<br>2. Seoltar nasc WebEx chuig an bhfoghlaimeoir agus iarrtar air/uirthi logáil isteach 5nóiméad roimh thús na béaltrialach.<br>3. Beidh feitheoir agus beirt scrúdaitheoirí i láthair ag gach scrúdú ar líne.<br>4. Cuirfidh an scrúdaitheoir an sliocht léitheoireachta agus an ghníomhaíocht rólghlactha a bheidh in úsáid do scrúdú an fhoghlaimeora ar an scáileán taobh istigh de WebEx. Míneoidh sé don fhoghlaimeoir conas bogadh trí na comhaid agus tabharfaidh sé/sí treoir bhreise dó/di maidir le reáchtáil an scrúdaithe.<br>5. Tugtar 10 nóiméad mar ullmhúchán don fhoghlaimeoir. Iarrtar ar an bhfoghlaimeoir an ceamara a fhágáil sa tsiúl. Tá cead ag an bhfoghlaimeoir nótaí a ghlacadh.<br>6. Filleann na scrúdaitheoirí agus reáchtáiltear an scrúdú.<br>7. Is gá do na scrúdaitheoirí teacht le chéile i seomra fíorúil ar Zoom chun an mharcáil agus nithe eile a phlé.<br>8. Déanfar gach béaltriail a thaifeadadh ar mhaithe le dearbhú cáilíochta. |
| **Pointí Breise:**<br>• Déanfar tástáil ag tús na béaltrialach le cinntiú go bhfuil an fhuaim ag obair agus nach bhfuil deacracht theicniúil ag aon duine. Bíonn an scrúdaitheoir agus an feitheoir/an t-éascaitheoir i láthair le linn an mheasúnaithe le deacrachtaí teicniúla ar bith a thiocfadh chun cinn lena linn a réiteach.<br>• Tá buntreoir na mbéaltrialacha fós bailí agus le leanúint ach na leasuithe thuas le cur leis nuair a bhíonn béaltriail le reáchtáil i dtimpeallacht dhigiteach. |

Seo a leanas na socruithe breise a cuireadh i bhfeidhm le hiontaofacht acadúil scrúdú deireadh seimeastair an Dioplóma Iarchéime san Aistriúchán a chinntiú:

| **An Dioplóma Iarchéime san Aistriúchán - Céimeanna Breise a Bhaineann le Scrúdú Deireadh Seimeastair a Reáchtáil i dTimpeallacht Dhigiteach** |
|---|
| **Freagrach as:** An Riarthóir Acadúil<br>**Nós Imeachta:**<br>1. Scaipfear treoir scríofa maidir le reáchtáil an scrúdaithe ar mhic léinn ar an ríomhphost roinnt seachtainí roimh ré. (Cuirtear treoir scríofa ar fáil don fheitheoir chomh maith).<br>2. Sa treoir chéanna, bíonn na naisc Zoom a bheidh in úsáid do gach scrúdú agus iarrtar ar gach mac léinn logáil isteach 15 nóiméad roimh thús an scrúdaithe.<br>3. Beidh cead ag na foghlaimeoirí a gcuid freagraí a scríobh i gcomhad Word. Seoltar treoir scríofa agus físe chuig na foghlaimeoirí maidir le conas an seiceálaí litrithe ar Word a mhúchadh agus iarrtar ar gach foghlaimeoir é sin a dhéanamh roimh thús an scrúdaithe.<br>4. Beidh feitheoir i láthair ag gach scrúdú agus déanfaidh sé/sí an tseiceáil chuí go bhfuil na socruithe teicniúla cuí i bhfeidhm ag gach foghlaimeoir roimh thús an scrúdaithe.<br>5. Seoltar an script scrúdaithe chuig gach foghlaimeoir ar an ríomhphost idir 5 agus 10 nóiméad roimh thús an scrúdaithe.<br>6. Iarrtar ar gach foghlaimeoir an ceamara a chur ar siúl agus a scáileán a roinnt leis an bhfeitheoir.<br>7. Tabharfaidh an feitheoir an treoir chuí do na foghlaimeoirí agus reáchtáiltear an scrúdú de réir na dtreoracha sonracha a thabharfaidh an feitheoir agus a scaipeadh ar na foghlaimeoirí roimh ré.<br>8. Iarrtar ar mhic léinn 'Freagair' a bhrú ar an ríomhphost ó Ghaelchultúr agus a gcuid freagraí a sheoladh mar cheangaltán ag deireadh an scrúdaithe. Tugtar 10 nóiméad dóibh é sin a dhéanamh. |
| **Pointí Breise:**<br>• Déanfar tástáil ag tús an scrúdaithe le cinntiú go bhfuil an fhuaim ag obair agus nach bhfuil deacracht theicniúil ag aon duine. Bíonn an t-éascaitheoir i láthair le linn an scrúdaithe le deacrachtaí teicniúla ar bith a thiocfadh chun cinn lena linn a réiteach.<br>• Cuirfear 30 nóiméad sa bhreis le fad gach scrúdaithe le freastal ar na nithe éagsúla a thagann chun cinn nuair a reáchtáiltear scrúdú i dtimpeallacht dhigiteach.<br>• Tá buntreoir na scrúduithe fós bailí agus le leanúint ach na leasuithe thuas le cur leis nuair a bhíonn scrúdú le reáchtáil i dtimpeallacht dhigiteach. |

# 3.0 QA Improvement and Enhancement Plans for Upcoming Reporting Period

## 3.1 QA and QE supporting the Achievement of Strategic Objectives

| No. | **Relevant objectives**<br>Note: Include reference to the relevant section of the preceding AQR, where applicable | **Planned actions and indicators**<br>*Note: Include details of unit responsible, and how planned action will address the relevant strategic priority and/or reengagement advice/CINNTE recommendation.*<br><br>*If the institution is preparing for cyclical review, include how the planned actions will address the relevant review objective(s).* |
|---|---|---|
| 1 | Dearbhú oifigiúil seachtrach a fháil go bhfuil cúrsaí Ghaelchultúir mapáilte leis an CTET. | Tabhair faoi phróiseas iarratais leis an dream cuí agus aitheantas oifigiúil a fháil go bhfuil cúrsaí Ghaelchultúir mapáilte leis an CTET. |
| 2 | Soláthar cúrsaí iomlán ar líne a fhorbairt | Uasdátú ar shuíomh ríomhfhloghlama an Choláiste ranganna.com agus infreastruchtúr teicneolaíochta eile an Choláiste.<br>Forbairt Beartas maidir le Teagasc ar Líne amháin<br>Athbhreithniú iomlán monatóireachta ar an mbeartas maidir leis an bhFoghlaim Chumaisc agus ar chur i bhfeidhm an Bheartais sin |
| 3 | Athbhreithniú iomlán ar Chóras Dearbhaithe Cáilíochta an Choláiste | Athbhreithniú iomlán ar struchtúr, ar bheartais agus nósanna imeachta an chórais dearbhaithe cáilíochta de réir an Mhaitrís Bainistíochta Sonraí agus Rialú Leaganacha agus ag baint úsáid as na heochairtháscairí feidhmíochta a bhaineann le gach réimse cáilíochta. |

## 3.2 Reviews planned for Upcoming Reporting Periods – Aug 21-Aug 22

### 3.2.1 Reviews planned for Next Reporting Period – Lúnasa 2021-2022

| Unit to be reviewed | Date of planned review | Date of last review |
|---|---|---|
| Athbhailíochtú Cláir - An Dioplóma Iarchéime san Aistriúchán | Lúnasa 2022 | 2016 |
| Athbhreithniú Cláir Inmheánach - An Teastas sa Ghaeilge Ghairmiúil | Meitheamh 2022 | Meitheamh 2021 |
| Athbhreithniú Inmheánach Cáilíochta | Nollaig 2022 | Nollaig 2021 |
| | | |
| | | |
| | | |

### 3.2.2 Reviews planned beyond Next Reporting Period

Neamhbhainteach.

# 4.0 Additional Themes and Case Studies

## Cás-staidéar 1: Seirbhísí tacaíochta do mhic léinn agus rannpháirtíocht na mac léinn

### Intreoir agus comhthéacs

Mar gheall ar an phaindéim Covid-19 agus na srianta a bhí i bhfeidhm sa tír i rith 2020-2021, aistríodh cúrsaí Ghaelchultúir go léir chuig na hardáin físchomhdhála WebEx (i gcás an Teastais sa Ghaeilge Ghairmiúil) agus Zoom (i gcás an Dioplóma Iarchéime san Aistriúchán) agus ní raibh aon teagmháil aghaidh ar aghaidh sa seomra ranga fisiciúil ag mic léinn lena chéile ná le teagascóirí agus léachtóirí na gcúrsaí. Sa chás-staidéar seo, déanfar plé ar na céimeanna a tógadh lena chinntiú nach mbeadh mic léinn an DISA imeallaithe ná thíos leis mar gheall ar an easpa teagmhála aghaidh ar aghaidh agus lena chinntiú go bhfaighidís an tacaíocht chuí le linn na bliana chun dul i ngleic leis an gcóras nua.

### Achoimre ar na céimeanna tógadh

Seo thíos achoimre ar chuid de na céimeanna a tógadh lena chinntiú go mbeadh tacaíocht leanúnach á cur ar fáil do mhic léinn agus chun rannpháirtíocht na mac léinn a spreagadh.

### Teagmháil rialta leis na mic léinn

Rinneadh teagmháil rialta leis na mic léinn chun iad a chur ar eolas maidir leis na srianta is déanaí a cuireadh i bhfeidhm sa tír agus chun eolas a thabhairt dóibh maidir leis na socruithe a bhí á ndéanamh ag Gaelchultúr chun dul i ngleic leis na srianta nua de réir mar a tháinig siad chun cinn. Cuireadh fáilte roimh cheisteanna agus aiseolas ó mhic léinn maidir leis na socruithe seo lena chinntiú go raibh siad ar a gcompord leis na socruithe nua agus bhíothas sásta moltaí chun feabhais a chur i bhfeidhm chun cur le heispéireas foghlama na mac léinn.
Treoracha cuimsitheacha maidir le húsáid an ardáin físchomhdhála
Bhí neart taithí ag Gaelchultúr ar an fhoghlaim ar líne de bhrí gur cúrsa foghlama cumaisc é an Dioplóma Iarchéime san Aistriúchán agus bhí treoracha cuimsitheacha againn maidir le húsáid an ardáin físchomhdhála. Scaipeadh an t-eolas seo ar na mic léinn agus tugadh an deis dóibh an teicneolaíocht a thástáil roimh na ranganna le ball foirne Ghaelchultúir má shíl siad go mbeadh deacrachtaí acu.

### Teagmháil leis na léachtóirí

Cuireadh sonraí teagmhála na léachtóirí chuig na mic léinn ar fad agus dúradh leo teagmháil rialta a dhéanamh le léachtóirí má bhí aon cheist acu. Chomh maith leis, cuireadh in iúl dóibh go dtiocfadh leo bualadh le léachtóirí nó le cathaoirleach cláir an DISA ar Zoom má bhí siad ag iarraidh labhairt leo beo ar líne chun obair an chúrsa a phlé, rud a tharla i roinnt mhaith cásanna.

Treoracha cuimsitheacha maidir le measúnuithe ar líne
Cuireadh treoracha cuimsitheacha ar fáil do na mic léinn maidir leis na measúnuithe a bhí ar siúl ar líne agus na socruithe a bheadh i bhfeidhm le linn na scrúduithe. Chomh maith leis an treoir scríofa chuimsitheach a cuireadh ar fáil dóibh, cuireadh físeán le chéile chun cuidiú leis na mic léinn tabhairt faoi na scrúdaithe ar líne agus bhí éascaitheoir ar fáil chun cuidiú le haon duine a raibh deacrachtaí teicniúla aige le linn an scrúdaithe.

**Athrú ar an gclár ama**

Roimh an bpaindéim, bhí na seisiúin teagaisc de chuid an DISA ar siúl Satharn amháin gach mí in ionad Ghaelchultúir, i mBaile Átha Cliath, idir 9.45 agus 5.00pm. Thuig muid, áfach, go mbeadh sé an-dian ar na mic léinn an lá ar fad a chaitheamh ar Zoom. Lorgaíodh tuairimí ó na mic léinn agus, bunaithe ar an aiseolas a bailíodh, athraíodh an sceideal le go mbeadh seisiún amháin ar siúl tráthnóna Aoine agus na seisiúin eile ar siúl ar an Satharn chun cuidiú leis na mic léinn díriú ar an ábhar agus chun sláinte na mac léinn a chosaint.

**Aiseolas ó mhic léinn**

Bailíodh aiseolas maidir leis na socruithe a bhí i bhfeidhm ó mhic léinn go rialta agus cuireadh moltaí chun feabhais a bhí acu i bhfeidhm, de réir mar ba chuí. Mar gheall ar aiseolas a bailíodh ó mhic léinn, tógadh an cinneadh roinnt am breise a thabhairt dóibh le linn na scrúduithe le go mbeadh go leor ama acu dul i ngleic leis na deacrachtaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar gheall ar an teicneolaíocht. Chun fadhbanna teicniúla a sheachaint, áfach, bhí éascaitheoirí ar fáil le linn na scrúduithe chun cuidiú le mic léinn fadhbanna a réiteach. Chomh maith leis sin, reáchtáladh cruinnithe den choiste feabhsaithe cáilíochta ar líne le go mbeadh deis ag na hionadaithe ranga tuairimí agus moltaí na mac léinn a roinnt, in ainneoin na srianta a bhí i bhfeidhm sa tír.

**Rannpháirtíocht na mac léinn**

De bhrí go raibh na ranganna ar fad á reáchtáil ar líne, ní raibh deis cheart ag na mic léinn casadh ar a chéile. Chun an caidreamh sóisialta i measc na mac léinn a spreagadh, i gcomhar le mic léinn an ghrúpa eagraíodh grúpaí staidéir agus teacht le chéile sóisialta ar an ardán físchomhdhála Zoom lena chinntiú go mbeadh deis ag mic léinn labhairt lena chéile agus caidrimh a bhunú taobh amuigh de na ranganna oifigiúla. Chuidigh baill foirne Ghaelchultúir le heagrú na gcruinnithe seo ar Zoom ach ní raibh siad i láthair ag na cruinnithe féin lena chinntiú go mbeadh deis ag na mic léinn labhairt go hoscailte lena chéile.

**Torthaí agus Tionchar**

Is cosúil go raibh tionchar an-dearfach ag na céimeanna a luadh thuas ar eispéireas na mac léinn agus ba mhór an chabhair iad chun eispéireas foghlama dearfach agus seasmhach a chruthú do mhic léinn an chúrsa, in ainneoin na ndúshlán a bhain leis an tréimhse corrach ina raibh siad ag maireachtáil. Ag cruinnithe den choiste feabhsaithe cáilíochta, dúirt na hionadaithe ranga go raibh na mic léinn an-sásta leis na socruithe a bhí i bhfeidhm agus bhí siad sásta gur éisteadh leis na moltaí a bhí acu agus gur cuireadh athruithe fiúntacha i bhfeidhm dá bharr.

## Conclúid

In ainneoin na ndúshlán ar fad a bhí os comhair na mac léinn, baineadh úsáid éifeachtach as an teicneolaíocht chun na ranganna agus cruinnithe ar fad a bhaineann leis an DISA a aistriú ar líne. Lorgaíodh tuairimí agus aiseolas ó mhic léinn go rialta lena chinntiú go raibh siad sásta leis na socruithe nua a bhí i bhfeidhm agus tugadh seirbhísí tacaíochta breise ar fáil d'aon duine a raibh cúnamh ag teastáil uaidh lena chinntiú nár chuir na socruithe nua isteach ar eispéireas foghlama na mac léinn. Bhí cuid de na socruithe nua chomh héifeachtach sin go leanfar ar aghaidh leo amach anseo. Beidh sé níos áisiúla do na hionadaithe ranga freastal ar chruinnithe de chuid an choiste feabhsaithe cáilíochta ar líne, cuir i gcás, ná teacht go hionad Ghaelchultúir.